Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN

# AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# ARDLEIBHÉAL

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

## Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

- Ní mhaítear ar chor ar bith go bhfuil na nótaí tacaíochta faoi iamh uileghabhálach nó críochnúil.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad.

- Déantar eolas ábhartha breise arna chur i láthair ag iarrthóirí a mharcáil agus marcanna a bhronnadh de réir mar atá tuillte.

- In go leor cásanna d'fhéadfadh go mbeadh príomhfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna atá sannta a thuilleamh.

- Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a gcuirtear an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais ó bhliain go bliain, mar sin.

*INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Topaic | Lch/lgh |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Margaí, Leaisteachas, tomhaltas deochanna boga** | **8 - 10** |
| **2** | **Monaplacht, Idirdhealú Praghsanna, Margaí - comparáid** | **11 - 13** |
| **3** | **Saothar, Margadh Dubh** | **14 - 16** |
| **4** | **Cánachas, Fiachas Náisiúnta** | **17 - 19** |
| **5** | **Ioncam Náisiúnta** | **20 - 22** |
| **6** | **Baincéireacht, Aidhmeanna Eacnamaíochta, Airgeadaíochas** | **23 - 25** |
| **7** | **Trádáil Idirnáisiúnta, Forbairt Eacnamaíoch** | **26 - 30** |
| **8** | **Feidhmíocht Eacnamaíoch, Daonra, Coigilteas** | **31 - 35** |

# ROINN A (100 marc)

**1.** Luaigh **trí** chúis a bhfuil praghsanna an talaimh le haghaidh forbairt tithíochta tite le blianta beaga anuas in Éirinn.

(a) **Díbhoilsciú**:
Tá laghdú tagtha ar phraghsanna an talaimh mar thoradh ar an laghdú ginearálta ar phraghsanna in Éirinn.

(b) **Cúlú**: de bharr na dífhostaíochta agus ioncaim a bheith ag titim tá laghdú tagtha ar an éileamh ar thithíocht.

(c) Chuir an **éiginnteacht** faoi jabanna sa todhchaí stop ar dhaoine a bheith ag 'trádáil suas' go dtí tithe atá níos mó.

(d) **An Géarchor Creidmheasa**:
Tá laghdú tagtha ar an éileamh ar thithíocht mar thoradh ar an deacracht ó thaobh morgáistí a fháil.

(e) **Méadú ar eisimirce / laghdú ar inimirce**: Tá an t-éileamh ar thithíocht tar éis titim dá bharr sin.

(f) **Laghdú ar an amhantraíocht i maoin**: tá laghdú tagtha ar an éileamh ar thithíocht agus tá titim dá bharr sin tagtha ar phraghsanna an talaimh mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta.

(g) **Ró-acmhainneacht sa mhargadh tithíochta**: tá an soláthar ag sárú an éilimh anois agus tá go leor maoin folamh agus tá laghdú tagtha mar sin ar an éileamh ar thalamh.

**3 pointe: 6 marc + 5 marc + 5 marc an ceann = 16 marc.**

**2.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a dhéanamh chun caiteachas tomhaltóirí sa gheilleagar a mhéadú.

(a) **Cánacha indíreacha e.g. CBL a laghdú**
Cabhróidh sé sin le praghsanna a laghdú agus le tomhaltóirí a spreagadh mar sin chun airgead a chaitheamh.

(b) **Dreasachtaí a chur ar fáil do thomhaltóirí chun airgead a chaitheamh**
Spreag tabhairt isteach na scéime traipisithe carranna tomhaltóirí a gcuid carranna a athrú agus mar sin tá méadú tagtha ar an éileamh.
Dá leathnófaí deontais inslithe baile d'fhéadfadh sin úinéirí tí a spreagadh le hairgead a chaitheamh ar insliú / ar fheabhsúcháin bhreise ar a gcuid tithe.

(c) **Cánacha díreacha a laghdú e.g. cánacha ioncaim / an pá íosta a mhéadú**
Mhéadódh sin ioncaim indiúscartha na dtomhaltóirí agus mar sin spreagfadh sé caiteachas.

(d) **Muinín sa gheilleagar a chruthú**
D'fhéadfadh an rialtas, trí pholasaithe eacnamaíochta cuí a leanúint, muinín sa gheilleagar a thabhairt do thomaltóirí agus do tháirgeoirí, agus mar sin d'fhéadfaí spreagadh a thabhairt don dá dhream an t-éileamh a mhéadú.

(e) **Iasachtú ó na hinstitiúidí airgeadais a éascú**
Trí chúnamh a thabhairt do na hinstitiúidí airgeadais d'fhéadfadh an rialtas spreagadh a thabhairt dóibh creidmheas a thabhairt, as a leanfadh méadú ar an éileamh ó iasachtaithe/ó thomhaltóirí.

**(f)** **Clár infheistíochta caipitiúil**: d'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitiúil a mhéadú d'fhonn an t-éileamh comhiomlán agus ioncaim a spreagadh e.g. an PFN a chomhlánú.

**2 pointe × 8 marc an ceann Luaigh: 4 marc. Mínigh: 4 marc.**

**3.** Caitheann tomhaltóir €200 gach mí ar Tháirge A nuair a chosnaíonn sé €2 agus leanann sé air ag caitheamh €200 sa mhí nuair a ardaítear an praghas go dtí €2.50. Ríomh praghasleaisteachas an éilimh ag an tomhaltóir. (Féach an leabhrán *Foirmlí agus Táblaí, lch* 28). Taispeáin do chuid oibre go léir agus mínigh do fhreagra.

Obair:

Cainníocht 1: €200 / €2 = 100 aonad.
Cainníocht 2: €200 / €2.50 = 80 aonad.

$$-\frac{20^*}{50^*} \times \frac{€2 + €2.50\ (4.50)^*}{100 + 80\quad (180)^*} = - {}^*\ 1.0^*$$

**6 * ar 2 marc an ceann = 12 marc**

Tá comhartha míneas aige /
géilleann sé do dhlíthe an éilimh.

Is earra aonadleaisteach é an t-earra seo mar PED = 1.

**4 marc**

**(Tagairt do ghnáthearra: 2 mharc ar a mhéad)**

**4.** Sainmhínigh an téarma 'iomaíocht neamhphraghais'. Luaigh **dhá** shampla.

Sainmhíniú: **12 marc.**

**Iomaíocht idir ghnólachtaí /** déanann gnólachtaí iarracht díolacháin a mhéadú (sciar an mhargaidh) ar bhealach eile **seachas praghsanna a athrú**

Dhá shampla: **4 marc.**

**Brandáil**: ainmneacha branda éagsúla a bhunú do na táirgí
**Pacáistiú**: pacáistiú ar leith a úsáid chun táirgí a aithint go soiléir thar a chéile
**Fógraíocht Iomaíoch**: cabhrú le difríochtaí idir tháirgí a chruthú in intinn an tomhaltóra
**Uaire oscailte**: uaire oscailte níos faide a thairiscint do thomhaltóirí.
**Caighdeán na seirbhíse**: seirbhís na foirne a fheabhsú, leagan amach an áitribh a fheabhsú.
**Urraíocht**: imeachtaí áitiúla / náisiúnta.
**Tairiscintí speisialta**: bronntanais saor in aisce / cúpóin airgid / cártaí dílseachta.

**2 × 2 marc an ceann.**

**5.** Luaigh **trí** chúis eacnamaíochta a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach d'fhorbairt gheilleagar na hÉireann.

**1. Cruthaíonn sí fostaíocht**
Teastaíonn oibrithe ó fhiontraithe chun earraí/seirbhísí a tháirgeadh. Laghdaíonn sí an brú ar an rialtas trí earnáil phríobháideach fholláin a chruthaíonn jabanna a chruthú.

**2. Eagraíonn sí táirgeadh**
Eagraíonn fiontraithe na tosca táirgthe eile ina n-aonaid tháirgthe.

**3. Cinneann sí na tráchtearraí a tháirgfear**
Cinneann fiontraithe cad iad na hearraí agus na seirbhísí a tháirgfear agus na cainníochtaí a ndéantar sin trí éileamh an tomhaltóra a thomhas.

**4. Cinneann sí na praghsanna atá le gearradh**
Cinneann fiontraithe cén praghas a ghearrfar ar earraí agus ar a seirbhísí ag súil go mbeidh éileamh ann ag na praghasleibhéil sin.

**5. Spreagann sí tuilleadh infheistíochta**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid agus a gcuid scileanna i ngnólacht le súil agus brabús a dhéanamh agus d'fhéadfadh sin tuilleadh infheistíochta sa gheilleagar a spreagadh má éiríonn leo.

**6. Cuireann sí áit ar fáil do chiste coigilteoirí**
Cuireann fiontraithe áit infheistíochta ar fáil do chistí coigilteoirí, rud a chruthaíonn toradh ar choigilteas.

**7. Cruthaíonn sí ioncam don rialtas**
Cabhraíonn fiontraithe le hioncam a chruthú don rialtas trí ioncam cánachais.

**8. D'fhéadfadh sí cur leis an líon onnmhairí**
Má dhéantar na hearraí arna táirgeadh a onnmhairiú cabhróidh sin le staid chomhardú na n-íocaíochtaí.

**9. Cruthaíonn sí saibhreas laistigh den tír**
Cruthaíonn fiontraithe a n-éiríonn leo saibhreas a chabhraíonn le feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála.

**3 pointe: 6 marc + 5 marc an ceann + 5 marc an ceann = 16 marc.**

**6.** Meastar i dtaobh gheilleagar na hÉireann go bhfuil:
MPS = 0.25, MPM = 0.3, MPT = 0.2. Ríomh luach an Iolraitheora i ngeilleagar na hÉireann.
**Taispeáin do chuid oibre.**

$$\frac{\mathbf{1}}{\mathbf{0.25 + 0.3 + 0.2}} = 1.33$$

**5 marc: 1 marc ar gach mír.**

Ciallaíonn sin go dtiocfaidh méadú ar an ioncam náisiúnta / faoi 1.33 oiread / de réir inteilgean ar bith sa gheilleagar

**12 marc**

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** theorainn a bhaineann le húsáid an Bheochláir mar mheán chun an dífhostaíocht a thomhas.

**(a)** Áiríonn se daoine atá ag obair go páirtaimseartha go dlisteanach agus ag síniú ar an mbeochlár go páirtaimseartha:

- Gach duine ar Shochar Cuardaitheora Fostaíochta, gan oibrithe gearrthéarmacha córasacha san áireamh
- Gach duine ar Liúntas Cuardaitheora Fostaíochta, gan gabhálaithe beaga/cúntóirí feirme agus daoine féinfhostaithe san áireamh
- Oibrithe páirtaimseartha (iad sin a oibríonn suas le 3 lá in aghaidh na seachtaine), oibrithe séasúracha agus ócáideacha atá i dteideal Liúntas Cuardaitheora Fostaíochta nó Sochar Cuardaitheora Fostaíochta a fháil.

**(b)** Áiríonn sé na daoine sin a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt leasa shóisialaigh ach a bheith ag obair sa gheilleagar dubh ag an am céanna.

**(c)** Áiríonn sé na daoine sin nach bhfuil ag lorg fostaíochta go gníomhach.

**(d)** Áiríonn sé na daoine sin atá ag síniú ar an mbeochlár chun críocha 'creidmheasanna ÁSPC' a fháil ach nach bhfuil dífhostaithe.

**2 pointe: 9 marc + 8 marc.**

**8.** Mínigh, le cabhair sampla, an bhrí atá leis an téarma '**Cíos as ucht Ábaltachta'**

cíos eacnamaíoch /BO arna tuilleamh ag fiontraí/saothar/iarracht dhaonna de bharr géire intinne ghnó / tallann dúchais / tallann nádúrtha

**12 marc**

Peileadóir Príomhshraithe – ardchumas fisiciúil.

**Sampla: sampla cuí ar bith – 5 marc.**

**9.** Tá Rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar tháillí uisce a ghearradh ar theaghlaigh.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** argóint eacnamaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar son tosú ag gearradh táillí uisce ar theaghlaigh in Éirinn.

1. **An tomhaltas uisce a laghdú / cur amú a dhíspreagadh.**
   Sa chás go n-íocann daoine as uisce d'fhéadfadh sin daoine a spreagadh chun é a úsáid go spárálach / é a úsáid ar shlí níos éifeachtúla agus mar sin cur amú a dhíspreagadh.

2. **Ioncam a chruthú don soláthróir seirbhíse / an bonn cánach a leathnú**
   Chabhródh na táillí le hioncam a chruthú don soláthróir agus chabhródh sin leis an gcostas soláthair uisce.

3. **Caighdeán an tsoláthair uisce / leithdháileadh uisce a fheabhsú.**
   D'fhéadfaí an t-ioncam a gheofaí a úsáid chun caighdeán an tsoláthair uisce chuig teaghlaigh a fheabhsú agus/nó cabhrú le córas leithdháilte níos fearr a chruthú e.g. píobáin etc.

4. **Infheistíocht i dteicneolaíochtaí malartacha a spreagadh.**
   D'fhéadfaí eagraíochtaí a úsáideann go leor uisce a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí a laghdaíonn tomhaltas uisce.

5. **Chabhródh sé le laghdú ar an ngá le cánachas díreach a chruinniú.**
   Trí ioncam a chruthú ar an tslí sin d'fhéadfadh sé cabhrú le laghdú ar an ngá ag an rialtas cánachas díreach a ardú agus/nó seirbhísí riachtanacha eile a laghdú nó deireadh a chur leo.

6. **Ní féidir í a Imghabháil / cabhraíonn sé le pleanáil airgeadais an rialtais.**
   De bharr go bhfuil an cháin insuite tá sé dodhéanta í a imghabháil de bharr go suiteáiltear méadair. Toisc gur féidir brath ar an ioncam ón gcáin seo níos mó ná ó chineálacha cánachais eile chabhródh sé leis an rialtas pleanáil airgeadais a dhéanamh.

**3 pointe: 6 marc + 6 marc + 5 marc.**

## Ceist 1 Margaí, Leaisteachas, tomhaltas deochanna boga


(a) Taispeánann na sonraí thíos sceideal an éilimh agus sceideal an tsoláthair sa mhargadh don deoch bhog 'Quencher'.

| Praghas € | Cainníocht á hÉileamh ('000 aonad) | Cainníocht á Soláthar ('000 aonad) | **Cainníocht Nua á Soláthar ('000 aonad)** |
|---|---|---|---|
| 2.00 | 40 | 5 | **25** |
| 2.25 | 30 | 10 | **30** |
| 2.50 | 20 | 20 | **40** |
| 2.75 | 10 | 30 | **50** |
| 3.00 | 5 | 40 | **60** |

(i) Ag baint úsáide as na sonraí thuas duit, tarraing an léaráid a thaispeánann cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair sa mhargadh don deoch bhog 'Quencher'. Marcáil an **pointe cothromaíochta** go soiléir, **an praghas cothromaíochta** agus **an chainníocht chothromaíochta**.

(ii) Mínigh cad a chiallaíonn sé má bhíonn an margadh **'i gcothromaíocht'.**

(iii) Cuir i gcás gur thit costais táirgthe, agus mar thoradh air sin gur soláthraíodh 20,000 aonad sa bhreis ar gach praghas atá liostaithe thuas. Agus tú ag tagairt do do léaráid in **1(a)** (i) thuas agus ag cur i gcás nach bhfuil aon athrú ar an éileamh, tarraing an cuar **nua** soláthair. Taispeáin go soiléir an pointe cothromaíochta nua, an praghas cothromaíochta nua agus an chainníocht chothromaíochta nua. **(30)**




**(i)** C/É: 5 pointe × 1 marc an ceann + Lipéad ceart × 1 marc. (6)
C/S: 5 pointe × 1 marc an ceann + Lipéad ceart × 1 marc. (6)
Pointe cothromaíochta + Praghas cothromaíochta + Cainníocht chothromaíochta: 3 × 1 marc an ceann. (3) **[15]**

**(ii)** A bheith i gcothromaíocht:
Sa chás **go mbíonn an chainníocht á héileamh cothrom leis an gcainníocht á soláthar / ag comhlíonadh na cainníochta á soláthar .** Níl claonadh athraithe ar phraghsanna.
**[7]**

**(iii)** C/S Nua: 5 pointe × 1 marc an ceann (5)
Pointe cothromaíochta + Praghas cothromaíochta + Cainníocht chothromaíochta:3 × 1 marc an ceann.
(3)
**[8]**

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **ceithre** thoisc a théann i gcion ar phraghasleaisteachas an éilimh (PÉ).

(ii) Ríomhadh gurbh é an PÉ don deoch bhog 'Quencher' ná **-3.8**
Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá agat ar an PÉ, mínigh an bhrí eacnamaíochta atá leis an bhfigiúr seo.

**(30 marc)**

**1. Ionadaithe an-chosúil leis a bheith ar fáil.**

- Nuair a bhíonn ionadaí an-chosúil leis an earra ar fáil agus nuair a mhéadaítear a phraghas, beidh an t-éileamh ar an earra leaisteach de bharr go n-athróidh daoine go dtí an t-ionadaí níos saoire.
- Sa chás nach mbíonn aon ionadaithe ag earra agus sa chás go méadaítear a phraghas níl aon ionadaí ann le hathrú chuige agus mar sin beidh an praghas neamhleaisteach.
- Dá chosúla na hearraí lena chéile is é is mó a athróidh tomhaltóirí a n-iompar ceannaigh mar fhreagra ar athrú ar phraghsanna coibhneasta agus mar sin is é is mó a bheidh an PÉ.

**2. Earraí comhlántacha.**

- Má bhíonn an t-earra i gceist ar an gceann is saoire de dhá earra a bhfuil comhéileamh orthu, is dócha go mbeidh an t-éileamh air neamhleaisteach i dtéarmaí coibhneasta mar thoradh ar athruithe ar a phraghas féin.

**3. An bhfuil an tráchtearra ina shó-earra nó ina riachtanas?**

- Níl sé ríthábhachtach go mbeadh só-earraí ag duine agus mar sin beidh an PÉ maidir leo neamhleaisteach i dtéarmaí coibhneasta.
- Tá earraí riachtanacha ríthábhachtach don saol – ní mór do dhaoine iad a cheannach fiú amháin nuair a mhéadaítear an praghas – agus dá bharr sin beidh a PÉ neamhleaisteach i dtéarmaí coibhneasta.

**4. An cion den ioncam a chaitear ar an tráchtearra.**

- De ghnáth dá mhéad den chion d'ioncam a chaitear ar earra, is mó leaisteachas is dócha a bhainfeadh leis an éileamh air mar fhreagra ar athrú ar a phraghas féin. Ní dócha go mbeadh tionchar suntasach ar an éileamh ag méadú 50% ar an bpraghas ar bhosca cipíní.

**5. Marthanacht an tráchtearra.**

- Dá mharthanaí an tráchtearra is mó leaisteachas is dócha a bhainfeadh leis an éileamh air mar fhreagra ar athrú ar a phraghas féin.
- Má mhéadaítear praghas tráchtearraí mar charranna, is dócha go gcuirfidh an pobal le saolré an chairr atá acu cheana féin agus go gcuirfidh siad ceannach carr nua ar athlá.

**6. Ionchais maidir le hathruithe ar phraghas amach anseo.**

- Má tharlaíonn sé, i gcás laghdú praghais, go measann an pobal gur dócha go dtitfidh praghsanna níos mó fós, d'fhéadfadh sé go bhfanfadh siad ar an titim bhreise ar an bpraghas, agus sa chás sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-éileamh ró-leaisteach ó thaobh an chéad laghdú ar an bpraghas.

**7. An t-achar ama a ghlacann sé dul i dtaithí ar athruithe ar phraghsanna.**

- Bíonn an t-éileamh níos leaistí san fhadtéarma nuair a bhíonn am ag tomhaltóirí dul i dtaithí ar an athrú praghais.
- Dá dtiocfadh méadú 80% ar phraghas an leictreachais, d'fhéadfadh tomhaltóir barainneacht a dhéanamh ar úsáid fearas éagsúil sa ghearrthéarma. San fhadtéarma beidh ar an tomhaltóir machnamh a dhéanamh ar chineálacha fuinnimh eile a úsáid mar mhalairt rogha. Beidh an t-éileamh an-neamhleaisteach ar dtús agus bainfidh níos mó leaisteachais leis le himeacht ama.

**8. Nósanna an tomhaltóra / dílseacht don bhranda.**

- D'fhéadfadh tomhaltóir éirí an-tógtha le táirge trí nósmhaireacht nó trí dhílseacht don bhranda sin. Ní bheidh mar thoradh ar mhéadú ar phraghas an earra sin go n-ídeoidh sé/sí méid níos lú den táirge sin nó go n-athróidh sé/sí go dtí ionadaithe níos saoire. Mar sin, beidh an t-éileamh ar earraí den sórt sin neamhleaisteach ó thaobh an phraghais de.

**9. Líon na n-úsáidí malartacha atá ag an earra.**

- Beidh éileamh leaisteach go coibhneasta ar thráchtearra a mbíonn líon mór úsáidí aige, de ghnáth. Mar shampla baintear úsáid as siúcra do thomhaltas díreach, chun críocha milsithe, bácála, próiseála bia, etc. D'fhéadfadh sé nach mbeadh mar thoradh ar aon mhéadú ar phraghas an tsiúcra ach titim bheag ar an éileamh i ngach ceann de na margaí sin, ach d'fhéadfadh an titim fhoriomlán a bheith ina thitim shuntasach.

**4 pointe × 5 marc an ceann: Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Ríomhadh gurbh é an PÉ don deoch bhog 'Quencher' ná **- 3.8**
Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá agat ar an PÉ, mínigh an bhrí eacnamaíochta atá leis an bhfigiúr seo.

**10 marc**

<table>
<tr><td rowspan="5">- 3.8</td><td>Comhartha dealaithe</td><td colspan="2">De réir mar a thiocfaidh méadú ar an bpraghas – titfidh an t-éileamh / Géilleann sé do dhlíthe an éilimh<br>5 marc<br>(Tagairt do ghnáthearra: 2 mharc ar a mhéad)</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Luach 3.8</td><td>Is earra praghasleaisteach é seo</td><td>Tá an t-athrú céatadáin ar an gcainníocht atáthar a éileamh níos mó ná an t-athrú céatadáin ar an bpraghas</td></tr>
<tr><td colspan="2">nó</td></tr>
<tr><td>Is só-earra é seo</td><td>De bharr go dtitfidh an t-éileamh faoi chéatadán níos mó nuair a thiocfaidh méadú ar an bpraghas, rud a léiríonn nach bhfuil an t-earra ina earra riachtanach.</td></tr>
<tr><td>2 marc</td><td>3 marc</td></tr>
</table>

(c) Is mian le mórán comhairleoirí sláinte tomhailt deochanna boga a laghdú. Cuir comhairle ar an Aire Sláinte agus Leanaí faoi bhearta eacnamaíochta a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun tomhaltas deochanna boga a laghdú. (15 marc)

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Cánachas:**<br>**Cánacha a ardú ar dheochanna boga** | Trí chánacha indíreacha a mhéadú (e.g. CBL) tiocfaidh ardú ar an bpraghas – d'fhéadfadh go mbeadh titim ar an éileamh mar thoradh air sin. |
| **Oideachas:**<br>**Feachtas Oideachais / Feasachta** | D'fhéadfadh an rialtas an caiteachas ar fheachtais fhógraíochta a mhéadú chun cur leis an bhfeasacht faoi fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar dheochanna boga a ól. D'fhéadfadh sé lipéadú táirgí níos déine a éileamh. |
| **Reachtaíocht:**<br>**Athruithe reachtacha a thabhairt isteach** | D'fhéadfadh sé toirmeasc a chur ar dhíolachán deochanna den sórt sin i scoileanna agus coláistí / toirmeasc a chur a ndíol i meaisíní díola. D'fhéadfadh sé cuóta a chur ar allmhairithe deochanna den sórt sin. |
| **Fóirdheonú:**<br>**Praghas earraí ionadaíocha a fhóirdheonú /**<br>**Rátaí CBL ar earraí ionadaíocha a laghdú** | Trí sin a dhéanamh d'fhéadfadh sé go mbeadh praghsanna na n-earraí ionadaíocha níos tarraingtí agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh mar thoradh air sin titim ar an éileamh ar dheochanna boga, e.g. bainne i scoileanna a fhóirdheonú. |

**3 pointe ag 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

## Ceist 2 Monaplacht, Idirdhealú Praghsanna, Margaí - comparáid

2 (a) (i) Luaigh agus mínigh **trí** bhonn tuisceana a ghabhann le teoiric na monaplachta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint le monaplacht mar struchtúr margaidh. (25 marc)

(i) Boinn tuisceana na monaplachta

**Gnólacht amháin sa tionscal**

- Tá gnólacht amháin sa tionscal agus mar sin níl idirdhealú idir an ngnólacht agus an tionscal.
- Soláthraíonn gnólacht amháin an t-aschur sa tionscal go léir.

**Ceannas ar phraghas *nó* aschur**

- Féadfaidh gnólacht ceannas a bheith aici ar phraghas nó ar aschur ach ní an dá cheann.
- Más é an praghas a chinneann sé, cinnfidh na tomhaltóirí an t-aschur atá le táirgeadh.
- Más é an t-aschur a chinneann sé, cinnfidh an margadh an praghas.

**Uasmhéadú brabúis.**

- Is féidir leis an ngnólacht BO a thuilleamh sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.
- Bíonn sé mar aidhm ag gnólacht an oiread is féidir brabúis agus is féidir a dhéanamh agus baineann sí sin amach nuair a bhíonn MC = MR

**Bacainní ar iontráil**

- Má tá struchtúr margaidh monaplachta le leanúint ar aghaidh go fadtéarmach ní féidir go mbeadh saoirse iontrála isteach sa tionscal ann.
- Cuireann na bacainní sin cosc ar ghnólachtaí nua dul isteach sa tionscal chun bagairt a dhéanamh ar staid na monaplaí.

**3 pointe × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) buntáistí a d''fhéadfadh a bheith ag baint le monaplacht mar struchtúr margaidh

**Barainneachtaí Scála**
D'fhéadfadh táirgeadh ar scála mór cabhrú leis an ngnólacht leas a bhaint as barainneachtaí scála agus d'fhéadfaí na coigiltis chostais sin a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos ísle.

**Ráthaíocht a thabhairt ar sholáthar an táirge / na seirbhíse**
Is féidir ráthaíocht a thabhairt ar sholáthar an táirge / na seirbhíse sa chás go mbíonn brabús íosta ann (e.g. monaplacht stáit) – agus baineann tomhaltóirí leas as sin dá bharr e.g. seirbhísí bus a sholáthar i limistéir ar dhaonra íseal.

**Fostaíocht**
De bharr nach bhfuil iomaíocht ann bíonn níos mó slándála fostaíochta ag fostaithe / d'fhéadfadh siad leas a bhaint as coinníollacha fostaíochta níos fearr / rátaí pá agus pinsin níos fearr.

**Laghdú ar úsáid acmhainní atá gann**
D'fhéadfadh níos lú dúbailte a bheith ann i soláthar táirgí / seirbhísí a bheith ann. D'fhéadfadh níos lú gá le fógraíocht iomaíoch a bheith ann agus mar sin ní chuirtear acmhainní na sochaí amú. D'fhéadfadh sé gur fearr do sholáthróir amháin seirbhísí áirithe a chur ar fáil e.g. iarnróid /greille leictreachais d'fhonn dúbailt a sheachaint.

**Poitéinseal do nuáil / taighde & forbairt**
D'fhéadfaí an brabús (osnormálta) a dhéanann monaplachtaí a úsáid chun críocha infheistíochta i dtaighde & forbairt agus a gceannas sa mhargadh a chinntiú. Teastaíonn cosaint paitinne ó aireagóirí / chruthaitheoirí nó seans nach ndéanfadh siad airgead.

**2 pointe × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

**(b)** Is é Iarnród Éireann monaplacht an stáit maidir le seirbhísí iompair ar an mbóthar iarainn a sholáthar in Éirinn. Tá córas acu ina gcuirtear idirdhealú praghsanna i bhfeidhm nuair a bhíonn roinnt dá bpraghsanna á socrú acu.
(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi, ag tabhairt sampla **amháin** de réir mar a chleachtann Iarnród Éireann é.
(ii) Luaigh agus mínigh **trí** choinníoll atá riachtanach chun idirdhealú praghsanna a bheith ann. (20 marc).

Idirdhealú praghsanna: **6 marc.**

Nuair a dhíoltar earra nó seirbhís le tomhaltóirí difriúla / margaí difriúla ag cóimheasa éagsúla idir costas imeallach agus praghas *nó* (níl an difríocht sa phraghas ann de bharr an chostais táirgthe).

Sampla: **2 marc.**

- Praghas níos ísle ar thaisteal ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath á ghearradh ar mhac léinn ná ar phaisinéirí eile.
- Rátaí éagsúla ar thaisteal ag tréimhsí buaice agus seachbhuaice a ghearradh ar thomhaltóirí.

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** choinníoll atá riachtanach chun idirdhealú praghsanna a bheith ann.

**1. Cumhacht Monaplachta.**
Dá mbeadh saoirse iontrála isteach sa tionscal ann, rachadh iomaitheoirí isteach ann sa chás go mbeadh praghas níos airde á ghearradh ag an ngnólacht agus BO á thuilleamh aici agus leanfadh sin ar aghaidh go dtí go mbeadh brabús normálta agus sin amháin á thuilleamh.

**2. Deighilt margaí.**
Is é sin ionas nach féidir an t-earra a cheannaítear sa mhargadh ar phraghas íseal a thairiscint le hathdhíoladh sa mhargadh ar phraghas níos airde. Mura bhféadfaí na margaí a dheighilt tharlódh an méid thuasluaite go dtí nach mbeadh difríocht sa phraghas ann.

**3. Praghasleaisteachas an éilimh difriúil do thomhaltóirí éagsúla.**
Ionas go ngearrfar praghsanna níos ísle ar a gcuid earraí ar thomhaltóirí a bhfuil praghasleaisteachas an éilimh ard acu e.g. glactar leis go mbíonn ioncam níos ísle ag mic léinn agus mar sin nach mbíonn siad in acmhainn an praghas iomlán a íoc as earraí agus seirbhísí áirithe.

**4. Neamhshuim Tomhaltóirí.**
D'fhéadfadh go mbeadh an difríocht sa phraghas chomh híseal sin go gcuirfeadh tomhaltóirí neamhshuim ann agus gur chuma leo an praghas atá beagán níos airde a íoc.


**5. Easpa feasachta ar thomhaltóirí.**
D'fhéadfadh go simplí nach bhfuil tomhaltóirí ar an eolas go bhfuil an t-earra ar fáil in áiteanna eile ar phraghas níos ísle.

**6. Meon an tomhaltóra i leith na n-earraí.**
D'fhéadfadh go mbeadh tomhaltóir toilteanach praghas níos airde a íoc as earra a mheasann siad a bheith faiseanta nó a thugann stádas e.g. daoine óga agus an dúil a bhíonn acu i dtáirgí 'brandáilte'.

**3 pointe × 4 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 2 marc**

**(c)** Agus tú ag baint úsáide as léaráid(í) a bhfuil lipéid chuí uirthi/orthu, déan **comparáid** idir staid chothromaíochta fhadtréimhseach an ghnólachta monaplachta agus staid chothromaíochta fhadtréimhseach gnólachta atá in iomaíocht fhoirfe (glac leis go bhfuil an dá cheann ag feidhmiú faoi na tosca costais chéanna) faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Praghas agus Aschur;
- Brabús;
- Éifeachtacht. (30 marc)




**Léaráid**
**10 mír × 1 marc an ceann + 3 mír × 2 marc an ceann = 16 marc.**

| | Tráchtaireacht | Marc |
|---|---|---|
| Praghas | Díolann gnólacht i staid monaplachta a haschur ag praghas <u>níos airde</u> – $P_m$ seachas $P_c$. | **3 marc** |
| Aschur | Táirgeann gnólacht i staid monaplachta aschur níos lú ná gnólacht in iomaíocht fhoirfe – $Q_m$ seachas $Q_c$. | **3 marc** |
| Brabúis | De bharr go bhfuil AR = AC **(1)** tuilleann gnólacht in IF brabús normálta **(1).** **(2)**<br>De bharr go bhfuil AR > AC **(1)** féadfaidh gnólacht i monaplacht BO a thuilleamh. **(1).** **(2)** | **4 marc** |
| Éifeachtúlacht | Táirgeann gnólacht in IF ag an bpointe AC is ísle **(1)** agus mar sin is gnólacht éifeachtúil í **(1)**. **(2)**<br>Ní féidir le monaplacht a bheith ag táirgeadh ag an bpointe AC is ísle **(1)** agus mar sin d'fhéadfadh gur gnólacht neamhéifeachtach í. **(1)** **(2)** | **4 marc** |
| | | **14 marc** |

## Ceist 3 Saothar, Margadh Dubh

**(a)** Agus tú ag tagairt don toisc tháirgeachta **saothar**, mínigh na téarmaí seo a leanas:

Éileamh Díorthaithe/Táirgiúlacht Imeallach Ioncaim/Síobadh Pá/Dífhostaíocht Thimthriallach. (20 marc)

Éileamh Díorthaithe
Nuair a **éilítear saothar** ar mhaithe leis **an méid a chuireann sé leis an bpróiseas táirgeachta .**

Táirgiúlacht Imeallach Ioncaim
An **t-ioncam breise a thuilltear** nuair a fhostaítear **aonad saothair breise**.

Síobadh Pá
Nuair a **ardaíonn leibhéil phá os cionn na leibhéal a bhí beartaithe .**

Dífhostaíocht Thimthriallach
**Dífhostaíocht a leanann as éileamh laghdaithe ar earraí agus ar sheirbhísí**
(Dífhostaíocht a leanann as an gcúlú eacnamaíochta / laghdú ar thimthriallta trádála / laghdú ar éileamh comhiomlán).

**4 × 5 marc an ceann.**

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh **ceithre** thoisc a théann i bhfeidhm ar éifeachtacht an tsaothair mar thoisc táirgeachta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann dá ndéanfaí an tÍosphá Náisiúnta a laghdú. (30 marc)

| | |
|---|---|
| **Oideachas / Oiliúint / Cáilíochtaí:** dá airde caighdeán an oideachais / na hoiliúna / na gcáilíochtaí a fhaigheann oibrí is é is éifeachtaí / is táirgiúla is féidir leis a bheith. | **Méid na speisialtóireachta**: trí aird a dhíriú ar thasc amháin éiríonn oibrithe níos tapúla agus níos oilte agus mar sin bíonn siad níos éifeachtúla. |
| **Tallann dúchais / nádúrtha an oibrí**: bíonn tallanna dúchais / nádúrtha ag oibrithe ar leith, rud a fhágann go mbíonn siad thar a bheith éifeachtúil. | **Coinníollacha aeráide**: má bhíonn áit oibre róthe nó rófhuar d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar tháirgiúlacht na n-oibrithe. |
| **Caighdeán na bhfachtóirí eile**: dá airde cáilíocht na bhfachtóirí eile a úsáideann an t-oibrí is é is éifeachtúla a bhíonn an t-oibrí. | **Saineolas bainistíochta**: is féidir le bainisteoirí maithe an scoth a mhealladh as a lucht saothair, agus bíonn mar thoradh air sin éifeachtúlachtaí agus meanma/inspreagadh foirne níos fearr, as a leanann aschur méadaithe. |
| **Fáil ar fhachtóirí eile**: B'fhéidir to dtiocfaidh feabhas ar éifeachtúlacht má bhíonn méid níos mó fachtóirí táirgeachta eile ar fáil don oibrí le húsáid. | **Tiomantas an oibrí**: má bhíonn ardleibhéal inspreagtha agus tiomantais ar oibrithe ó thaobh a gcuid oibre, feidhmeoidh siad ar shlí níos éifeachtúla |
| **Coinníollacha maireachtála an fhórsa saothair**: má bhíonn oibrithe folláin, dea-chothaithe agus má bíonn lóistín mhaith acu oibreoidh siad ar shlí níos éifeachtúla. | |

**4 pointe × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann dá ndéanfaí an tÍosphá Náisiúnta a laghdú.

| **Buntáistí** | **Míbhuntáistí** |
|---|---|
| **Costais saothair níos ísle**<br>As a leanann táirgeadh leanúnach agus riosca laghdaithe maidir le dúnadh gnó. | **Caighdeán maireachtála laghdaithe**<br>Beidh ioncam níos ísle ag oibrithe anois agus titfidh a gcaighdeán maireachtála dá bharr |
| **Praghsanna díolacháin níos ísle**<br>De bharr costais táirgeachta a bheith ag titim d'fhéadfadh praghsanna tomhaltóra níos ísle agus iomaíocht mhéadaithe a bheith ann | **Éileamh comhlán / caiteachas laghdaithe**<br>Laghdóidh ioncaim níos ísle caiteachas agus dá bharr sin d'fhéadfadh an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí titim, as a leanfadh dífhostaíocht/níos lú fáltas CBL. |
| **Éileamh méadaithe / cosaint jabanna**<br>D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ráta pá níos ísle, as a leanfadh praghsanna níos ísle, go dtarlódh ardú ar éileamh agus dá bharr sin go mbeadh éileamh níos mó ar oibrithe.<br>Déantar jabanna dúchasacha a chosaint, e.g. jabanna san earnáil turasóireachta. | **Tionchar ar leibhéal pá go ginearálta**<br>D'fhéadfadh an laghdú sin a chur in intinn fostóirí gur chóir go mbeadh gach leibhéal pá ag titim agus d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin laghdú ar chaighdeán maireachtála an fhórsa saothair go léir. |
| **Spreagadh infheistíochta**<br>D'fhéadfadh tuilleadh infheistíochta ag fiontraithe / infheistíocht dhíreach eachtrach bhreise a bheith mar thoradh ar chostais laghdaithe. | **Is iad na hoibrithe ar na hioncaim is ísle is mó a fhulaingeoidh**<br>Más iad na daoine sin ar an ráta pá íosta amháin a laghdaítear a n-ioncam, ní bheidh an t-ualach á roinnt go cothrom i measc an fhórsa saothair, rud nach bhfuil cothrom. |
| **Laghdú ar an riosca athlonnaíochta**<br>D'fhéadfadh leibhéil phá na hÉireann go mbeidh siad ag teacht níos mó leis na leibhéil i dtíortha eile agus d'fhéadfadh líon níos lú gnólachtaí machnamh a dhéanamh ar athlonnú go dtí tíortha lasmuigh d'Éirinn mar thoradh air sin. | **Dífhostaíocht a dhíspreagadh** D'fhéadfadh sé nach spreagfadh an laghdú daoine chun dul isteach san fhórsa saothair / d'fhéadfadh go leanfadh níos mó rannpháirtíochta sa mhargadh dubh. |
| **1 × 5 marc.**<br>**Luaigh 2 marc. Mínigh: 3 marc** | **1 × 5 marc.**<br>**Luaigh 2 marc. Mínigh: 3 marc** |

(c) (i) Luaigh agus mínigh **trí** iarmhairt eacnamaíochta a bhíonn ar an ngníomhaíocht seo in Éirinn (geilleagar dubh).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cosc a chur leis an ngníomhaíocht seo. (25 marc)

(i) Luaigh agus mínigh **trí** iarmhairt eacnamaíochta a bhíonn ar an ngníomhaíocht seo in Éirinn (geilleagar dubh).

**Caillteanas ioncam as cáin don rialtas.**
Cailleann an státchiste ioncam cánacha atá riachtanach do sholáthar seirbhísí stáit. D'fhéadfadh an rialtas iad sin a úsáid ar bhealaí éagsúla.
**Laghdú ar ghníomhaíocht gnó dlisteanach/ bagairt ar jabanna**
Fulaingeoidh na gnólachtaí sin atá dlisteanach laghdú ar dhíolacháin, as a leanfaidh caillteanais jabanna, b'fhéidir, agus laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

**Méadú ar chaiteachas an rialtais ar fhorfheidhmiú.**
Chun srian a chur ar an ngníomhaíocht sin d'fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas an caiteachas ar fhorfheidhmiú a mhéadú, agus beidh níos mó brú ar airgeadas an stáit / gá le cánacha a ardú mar thoradh air sin.
**Brú ar sheirbhísí / airgeadas an rialtais**
De bharr an chaillteanais ioncaim don stát, d'fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas caiteachas a ghearradh siar, foinsí breise ioncam cánach a aimsiú, agus/nó an méid seirbhísí a sholáthraíonn sé a laghdú agus/nó níos mó iasachtaí a fháil.

**Méadú ar leibhéil choireachta.**
Bíonn méadú ar an gcoireacht mar thoradh ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí an mhargaidh dhuibh, rud a d'fhéadfadh eagla a chur ar shaoránaigh agus tuilleadh laghdaithe a chur ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta.

**Caighdeán na n-earraí/seirbhísí**
D'fhéadfadh earraí a bheith neamhshábháilte / díobhálach do thomhaltóirí mar gheall ar an easpa rialaithe.

**3 pointe × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cosc a chur leis an ngníomhaíocht seo

1. **Rátaí cánachais dhírigh a laghdú.**
   Trí sin a dhéanamh d'fhéadfadh go mbeadh claonadh níos mó ag saoránaigh a gcuid cánach go léir a íoc / a bheith cáin-chomhlíontach, de bharr go mbeadh níos lú dá n-ioncam á asbhaint mar Chánachas.

2. **Cánachas indíreach a laghdú.**
   Trí rátaí CBL agus dleachtanna máil ar earraí agus ar sheirbhísí a laghdú, ba chóir go dtitfeadh praghsanna agus d'fhéadfadh sin níos lú gníomhaíochta sa gheilleagar dubh a spreagadh, e.g. smuigléireacht toitíní etc.

3. **Forfheidhmiú níos fearr ag na coimisinéirí ioncaim.**
   D'fhéadfadh forfheidhmiú leantach ag na coimisinéirí ioncaim daoine a dhíspreagadh ó bhaint a bheith acu leis an ngeilleagar dubh. D'fhéadfadh níos mó iombhagairtí / fíneálacha níos troime / pianbhreitheanna níos faide ó na cúirteanna cabhrú chomh maith.

4. **Oideachas a chur ar an bpobal mar gheall ar an tábhacht don stát a bhaineann le hioncam cánach.**
   Dá n-éireodh leis an rialtas oideachas a chur ar an bpobal maidir leis na húsáidí tábhachtacha a bhaintear as cáin ioncam, agus nasc a chruthú idir ioncam agus soláthar seirbhísí stáit, d'fhéadfadh go n-éireodh leis a chur ina luí ar shaoránaigh gníomhaíochtaí an gheilleagair dhuibh a sheachaint.

5. **An córas cánach a shimpliú / gach lúb ar lár sa chóras cánach a dhúnadh.**
   D'fhéadfadh córas cánach atá éasca le leanúint agus le tuiscint imghabháil chánach a laghdú.

**2 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

## Ceist 4 Cánachas, Fiachas náisiúnta

**(a)** *"Beagnach a leath de na saothraithe ioncaim, ní íocfaidh siad aon cháin ioncaim an bhliain seo chugainn agus íocfaidh 4% de na saothraithe ioncaim beagnach a leath den cháin iomlán."* **(An tAire Airgeadais, An Cháinaisnéis, 9 Nollaig, 2009).**
Tá sé sin thuas ag tarlú nuair atá titim mhór ar an **ioncam ón gcáin** agus tá díospóireacht ar siúl faoin ngá atá leis an **mbonn cánachais a leathnú**.

(i) Mínigh go hachomair na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Déan plé ar na saintréithe a bhíonn ag córas maith cánachais

(i) Mínigh go gairid na téarmaí a bhfuil líne fúthu

Ioncaim ón gcáin– **5 marc**

Airgead / ioncaim a fhaigheann an stát / rialtas i bhfoirm cánacha díreacha & indíreacha agus a mbaintear leas astu i reáchtáil na tíre.

An bonn cánachais a leathnú – **5 marc**

Méadú a chur ar an líon daoine / réimsí ar a ngearrtar cáin / sa ghréasán cánach.

(ii) Déan plé ar na saintréithe a bhíonn ag córas maith cánachais.

**1. Ba chóir go mbeadh cánacha cothrom**
Ba chóir don cháin a ghearrtar a bheith bainteach le cumas íocaíochta an duine.

**2. Ba chóir go mbeadh cánacha cinnte**
Ba chóir don mhéid cánach atá le híoc ag duine (a bhailíonn an stát) a bheith cinnte agus soiléir.

**3. Ba chóir go mbeadh cánacha caoithiúil**
Ba chóir do mhodh / uainiú íocaíochta na gcánach a bheith caoithiúil don cháiníocóir e.g. tá an córas íocaíochta cánach ÍMAT caoithiúil de bharr go ndéantar cáin a asbhaint ag tréimhsí rialta seachas mar chnapshuim amháin.

**4. Ba chóir go mbeadh cánacha barainneach**
Ba chóir don chostas bailithe a bheith beag i gcoibhneas leis an méid ioncaim atá le bailiú.

**5. Níor chóir do chánacha feidhmiú mar dhíspreagadh.**
Níor chóir do na rátaí cánacha imeallacha feidhmiú chun oibrithe a dhíspreagadh ó bheith ag déanamh ragobair / níor chóir do rátaí cánach ar bhrabúis infheistíocht ó fhiontraithe a dhíspreagadh / níor chóir coigiltis a dhíspreagadh.

**6. Ba chóir do chánacha cabhrú le hathdháileadh ioncaim.**
Ba chóir do chóras maith cánach cabhrú leis an rialtas ioncam a athdháileadh ó dhaoine saibhre go daoine bochta/tugann cánacha forchéimnitheacha deis don rialtas é sin a dhéanamh.

**7. Ba chóir go mbeadh rátaí cánach ag teacht le cuspóirí eacnamaíochta náisiúnta.**
Ba chóir do na cánacha a ghearrtar cabhrú leis an rialtas cuspóirí eacnamaíochta eile a bhaint amach. e.g. chabhródh méadú ar na rátaí máil ar thoitíní le caitheamh tobac a dhíspreagadh.

**8. Ba chóir go mbeadh éifeacht cobhsaíochta aige ar an ngeilleagar.**
D'fhéadfadh córas maith cánachais an leibhéal gníomhaíochta eacnamaíochta a stopadh ó bheith ag ardú chomh tapa agus a dhéanfadh sé dá uireasa sa chás go mbeadh an geilleagar ag dul i bhfeabhas, agus stopfadh sé an leibhéal gníomhaíochta eacnamaíochta ó bheith ag titim chomh tapa agus a dhéanfadh sé dá uireasa i rith cúlaithe eacnamaíochta.

**9. Ba chóir go mbeadh imghabháil dodhéanta**
Ba chóir do chóras maith cánach imghabháil a dhéanamh dodhéanta, nó ní cáin chothrom atá ann.

**5 × 4 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 2 marc.**

**(b)** Thug rialtas na hÉireann isteach cáin charbóin sa Cháinaisnéis is déanaí (9 Nollaig, 2009).

(i) An sampla í an cháin sin de **cháin fhorchéimnitheach** nó de **cháin** ais**chéimnitheach**? Mínigh do fhreagra.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta agus **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcáin charbóin nua. (25 marc)

(i) An sampla í an cháin sin de **cháin fhorchéimnitheach** nó de **cháin** ais**chéimnitheach**? Mínigh do fhreagra

Cáin aischéimnitheach de bharr nach dtugann sé aird ar do chumas duine an cháin a íoc/ d'íocfadh daoine ar cháin níos ísle earraí agus seirbhísí níos airde dá n-ioncam ar cháin.

**5 marc: Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) **Dhá** bhuntáiste eacnamaíochta agus **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcáin charbóin nua.

| Buntáistí | Míbhuntáistí |
|---|---|
| **Ioncaim rialtais**<br>Méadú ar ioncam rialtais trí níos mó ioncaim ón gcáin charbóin seo. | **Brúnna Boilscitheacha**<br>Ciallóidh praghsanna breosla níos airde go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna tomhaltóra as a leanfaidh méadú ar an PIT |
| **Infheistíocht i dTaighde & Forbairt / Nuáil a spreagadh**<br>Níos mó infheistíochta i dTaighde & Forbairt ar fhoinsí fuinnimh malartacha / nithe in-athnuaite / iompar.<br>D'fhéadfadh an rialtas 'tionscail ghlasa' a chur chun cinn agus jabanna a chruthú ar an tslí sin. | **Iomaíochas a chailleadh / costais táirgeachta mhéadaithe**<br>Beidh praghsanna níos airde á n-íoc ag an tionscal anois agus d'fhéadfadh sin iomaíochas idirnáisiúnta ghnólachtaí Éireannacha a laghdú. D'fhéadfadh costais mhéadaithe feidhmiú mar dhídhreasú ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. |
| **Úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní / Iompar an tomhaltóra a athrú**<br>D'fhéadfadh níos mó eolais a bheith ag tomhaltóirí faoi ghanntanas na n-acmhainní sin agus mar sin d'fhéadfadh siad éirí níos éifeachtúla ina gcuid tomhaltais. | **Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála**<br>Ciallaíonn praghsanna níos airde níos lú ioncam indiúscartha agus mar sin titfidh an caighdeán maireachtála. |
| **Cabhrú le híoc as ár lorg carbóin / Cosaint chomhshaoil**<br>D'fhéadfadh an t-ioncam a bhailítear cabhrú le costas ár lorg carbóin comhchoiteann a fhritháireamh / d'fhéadfadh níos lú astuithe a bheith mar thoradh air.<br>D'fhéadfaí ioncam a shaindíriú ar thionscadail chomhshaoil faoi leith. | **Cineál Cánachais Aischéimnitheach**<br>Ní thabharfadh an cháin sin aird ar chumas an duine an cháin a íoc. |
| **2 × 5 marc an ceann.<br>Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.** | **2 × 5 marc an ceann.<br>Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.** |

**(c)** Ag deireadh mhí na Nollag, 2008 bhí méid **€50.4bn** i bhFiachas Náisiúnta na hÉireann agus ag deireadh mhí na Nollag, 2009 bhí méid **€75bn** ann, geall leis.
Luaigh agus mínigh **ceithre** fhadhb atá ag baint le Fiachas Náisiúnta na hÉireann. (20 marc)

**1. Deischostais i gceist.**
Agus níos mó airgid á úsáid chun ár n-aisíocaíochtaí úis bliantúla a íoc, tá níos lú airgid ar fail don rialtas chun críocha eile.

**2. Ualach méadaithe ar cháiníocóirí.**
Ciallóidh an méadú go mbeidh ar an rialtas machnamh a dhéanamh ar chánacha a ardú do cháiníocóirí amach anseo.

**3. Aisíocaíochtaí úis bliantúla méadaithe**.
Ciallaíonn fiachas náisiúnta atá ag méadú go bhfuil costas bliantúil aisíoctha ár bhfiachais náisiúnta ag méadú.

**4. Rátáil chreidmheasa idirnáisiúnta laghdaithe.**
Feictear go bhfuil fiachas náisiúnta atá ag méadú ag Éirinn agus ciallaíonn sin go bhfuil ár rátáil chreidmheasa ag laghdú.

**5. Riachtanais chomhaontaithe cobhsaíochta an Euro.**
Tá deacrachtaí ag Éirinn coinníollacha an chomhaontaithe a chomhlíonadh agus dá bharr sin caithfear dul i mbun gníomh ceartaithe i gcúrsaí polasaí eacnamaíochta agus caithfidh an AE aontú leis.

**6. Drochbhainistiú an gheilleagair.**
D'fhéadfadh go mbeadh roinnt de na saoránaigh ar an eolas faoi dhrochbhainistiú an rialtais ar an ngeilleagar agus d'fhéadfadh sin a gcuid muiníne sa gheilleagar a laghdú.

**7. Riosca i Soláthar Seirbhísí Poiblí / brú ar an rialtas caiteachas a ghearradh siar** De bharr méadú ar an bhfiachas náisiúnta ghearr an rialtas siar ar chaiteachas ar sheirbhísí poiblí, agus bhí tionchar aige sin meath ar sholáthar roinnt seirbhísí e.g. an tseirbhís sláinte, an tseirbhís oideachais.

**8. Freastal ar an gcuid sheachtrach den Fhiachais Náisiúnta**
Tá an chuid sheachtrach den fhiachas náisiúnta faoi réir ag gluaiseachtaí ráta malairte má fhaightear ar iasacht iad ó lasmuigh de limistéar an euro.
Ní thuilleann rialtas na hÉireann ioncam cánach ar aisíocaíocht foinsí seachtracha, ní hamhlaidh agus le haisíocaíocht fhoinsí inmheánacha.

**4 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

| **Ceist 5 Ioncam Náisiúnta** |
|---|

**(a)** Glac leis gurb ionann agus €200m an Olltáirgeacht Náisiúnta ar Phraghas Reatha an Mhargaidh, gurb ionann agus €5m na fóirdheontais praghsanna, gurb ionann an dímheas agus €12m agus gurb ionann agus €30m na cánacha indíreacha.
Ríomh luach **gach** ceann díobh seo a leanas: **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

(i) An Olltáirgeacht Náisiúnta ar Thoisc-Chostas;
(ii) An Ghlantáirgeacht Náisiúnta ar Thoisc-Chostas / an tIoncam Náisiúnta. (20 marc)

### (i) <u>An Olltáirgeacht Náisiúnta ar Thoisc-Chostas</u> – <u>10 marc</u>

OTN @ Praghsanna an Mhargaidh + Fóirdheontais Praghsanna – Cánacha Indíreacha = OTN @ Toisc-Chostas

€200 milliún + €5 milliún – €30 milliún = **€175 milliún***

↓ ↓ ↓ ↓

**2 marc** **2 marc** **2 marc** **4 marc**

### (ii) <u>An Ghlantáirgeacht Náisiúnta ar Thoisc-Chostas / an tIoncam Náisiúnta</u> – <u>10 marc</u>

OTN @ Toisc-Chostas – Dímheas = GNTC @ TC

€175 milliún* – €12 milliún = **€163 milliún**

↓ ↓ ↓

**3 marc** **3 marc** **4 marc**

**(b)** Mínigh an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar leibhéal na OTN ar Phraghsanna an Mhargaidh:

(i) **laghdú** ar an leibhéal ginearálta CBL;
(ii) **laghdú** ar na fóirdheontais a íoctar le feirmeoirí. (20 marc)

| | **Laghdú ar an leibhéal ginearálta CBL** | | **Laghdú ar na fóirdheontais a íoctar le feirmeoirí** | |
|---|---|---|---|---|
| **Tionchar ar OTN ar Phraghsanna an Mhargaidh** | **Tiocfaidh laghdú orthu** | **4 marc** | **Tiocfaidh méadú orthu** | **4 marc** |
| **Míniúchán** | **Laghdóidh** an laghdú ar CBL **na praghsanna ar earraí & ar sheirbhísí a chaithfidh tomhaltóirí a íoc sa mhargadh** | **6 marc** | **Méadóidh** an laghdú ar na fóirdheontais a íoctar le feirmeoirí **OTN ag praghsanna an mhargaidh de réir mar a thiocfaidh méadú ar phraghsanna tháirgí talmhaíochta sa mhargadh** | **6 marc** |
| | | **10 marc** | | **10 marc** |

**NÓ**

**An Fhadtréimhse**

| | Laghdú ar an leibhéal ginearálta CBL | | Laghdú ar na fóirdheontais a íoctar le feirmeoirí | |
|---|---|---|---|---|
| **Tionchar ar OTN ar Phraghsanna an Mhargaidh** | **Tiocfaidh méadú orthu** | **4 marc** | **Tiocfaidh laghdú orthu** | **4 marc** |
| **Míniúchán** | **De bharr praghsanna níos ísle féadfaidh tomhaltóirí níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach, agus tiocfaidh méadú ar an éileamh comhiomlán agus ar OTN dá bharr sin.** | **6 marc** | **Tiocfaidh méadú ar phraghsanna agus dá bharr sin tiocfaidh laghdú ar an éileamh orthu, as a leanfaidh laghdú ar thomhaltas agus mar sin tiocfaidh laghdú ar OTN.** | **6 marc** |
| | | **10 marc** | | **10 marc** |

**(c)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhfheidhmeanna a bhaintear as Staitisticí Ioncaim Náisiúnta.
(ii) Luaigh agus mínigh **ceithre** chúis ar cheart a bheith cúramach nuair a bhíonn úsáid á baint as Staitisticí Ioncaim Náisiúnta chun gníomhaíocht eacnamaíochta tíre a thomhas. (35 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhfheidhmeanna a bhaintear as Staitisticí Ioncaim Náisiúnta.

**1. Léiriú ar athruithe ar ár gcaighdeán maireachtála**
Léireoidh athrú ar bith ar ár bhfigiúirí ioncaim náisiúnta an leibhéal fáis geilleagrach, nó a mhalairt, sa tír ó bhliain amháin go bliain eile, agus tabharfaidh siad léiriú ginearálta ar athruithe ar an gcaighdeán maireachtála, má tá ceann ann. Bíonn siad in úsáid ag ceardchumainn chun éilimh phá a chosaint.

**2. Bealach chun comparáid a dhéanamh ar an gcaighdeán maireachtála i dtíortha éagsúla.**
Is féidir linn na staitisticí ioncaim náisiúnta a úsáid chun an caighdeán maireachtála sa tír seo a chur i gcomparáid leis an gcaighdeán i dtíortha eile.

**3. Cabhraíonn siad leis an rialtas polasaí geilleagrach a fhoirmliú.**
Tá níos mó tionchair ag rialtais ar fhorbairt agus ar fhás an gheilleagair. Chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh dó sin, teastaíonn eolas faoinár ngeilleagar ag Rialtais, ar nós an eolais a chuireann na Staitisticí Ioncaim Náisiúnta ar fáil.

**4. Polasaí geilleagrach a mheas**
Chun measúnú a dhéanamh ar athruithe ar an ngeilleagar agus ar athruithe geilleagracha sna hearnálacha éagsúla, agus chun tagarmharc a sholáthar gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh, tá sé áisiúil staitisticí náisiúnta a bheith ann.

**5. Ranníocaíochtaí le Cáinaisnéis an AE / Sochair**
Cinnfidh an saibhreas a léirítear inár staitisticí ioncaim náisiúnta an ranníocaíocht, más ann di a chaithfidh Éire a dhéanamh le cáinaisnéis an AE.
Bainfear úsáid as an bhfigiúr laistigh den AE chomh maith chun na tíortha sin a dteastaíonn cúnamh airgeadais ón AE uathu a chinneadh, chomh maith le méid an chúnaimh sin.

**3 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

**(ii) Ceithre** chúis ar cheart a bheith cúramach nuair a bhíonn úsáid á baint as Staitisticí Ioncaim Náisiúnta chun gníomhaíocht eacnamaíochta tíre a thomhas**.**

- **Athruithe ar an daonra**
  Má fhásann ioncam náisiúnta ag ráta níos moille ná an daonra, laghdaíonn an t-ioncam náisiúnta in aghaidh an duine agus titfidh an gnáthchaighdeán maireachtála. Dá bharr sin ní mór athruithe ar an daonra a bhreithniú in éineacht le hathruithe ar an ioncam náisiúnta agus feidhmíocht gheilleagrach tíre a mheas.

- **Boilsciú/díbhoilsciú**
  Cuirfidh méadú ar phraghsanna méadú ar an ioncam náisiúnta ach d'fhéadfadh an caighdeán maireachtála titim. Mar sin ní mór athruithe ar an ioncam náisiúnta a chur i gcomparáid le hathruithe ar phraghsanna chun an tionchar ar an gcaighdeán maireachtála / ar an bhfeidhmíocht gheilleagrach a bhreithniú.

- **Fostaíocht / Dífhostaíocht**
  Má tá duine dífhostaithe, ní hamhlaidh go gciallóidh ioncam náisiúnta a bheith ag méadú go bhfuil gnáthchaighdeán maireachtála an duine sin ag méadú.

- **Leibhéil Chánachais**
  Agus breithniú á dhéanamh ar chaighdeán maireachtála duine ba chóir aird a thabhairt ar rátaí cháin ioncaim agus ar leibhéil cháin indíreach sa tír. D'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán maireachtála duine a bheith mar thoradh ar mhéadú ar cheachtar acu sin.

- **Leibhéil leasa shóisialaigh**
  Tá na rátaí leasa shóisialaigh atá iníoctha níos ábhartha do dhuine atá dífhostaithe ná an gnáthchaighdeán maireachtála sa tír.

- **Déanann siad an sreabhadh saibhris agus ní an sreabhadh leasa a thomhas**
  D'fhéadfadh OTN atá ag méadú a bheith ag tarlú i dteannta le coinníollacha oibre nó maireachtála atá ag athrú agus a d'fhéadfadh caillteanas leasa a chruthú, e.g. méadú ar phlódú tráchta, agus d'fhéadfadh caighdeán maireachtála duine titim dá bharr sin.

- **Costais shóisialta fholaithe a bheith ag gabháil le méaduithe ar an ioncam náisiúnta.**
  Má mhéadaíonn gnólacht aschur, tagann méadú ar an ioncam náisiúnta. Mar sin féin, d'fhéadfadh costas folaithe, mar shampla méadú ar thruailliú, a bheith ann.

- **Dáileadh an ioncaim náisiúnta.**
  Má bhíonn méaduithe ar an ioncam náisiúnta chun leas mionlaigh bhig amháin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feabhsú ar bith ar chaighdeán maireachtála an phobail go léir.

- **Gníomhaíochtaí tábhachtacha eisithe ó ríomh an ioncaim náisiúnta.**
  Tá an margadh dubh eisithe ó ríomh an ioncaim náisiúnta. Tá obair na mná tí agus gníomhaíochtaí deonacha eisithe chomh maith. Tá gníomhaíochtaí den sórt sin tábhachtach do leas saoránach.

- **Nádúr na n-earraí arna táirgeadh**
  Beidh caighdeán maireachtála níos fearr ag tír a chaitheann méid beag airgid ar threalamh míleata agus méid mór ar shláinte, oideachas, etc. ná tír a dhéanann a mhalairt.

- **Seirbhísí rialtais ag bunphraghas**.
  Tá seirbhísí an rialtais san áireamh ag bunphraghas agus cuirtear seirbhísí príobháideacha ar fáil ag praghas díola. Déanfaidh tír ina gcuireann an rialtas go leor seirbhísí ar fáil OTN / ioncam náisiúnta níos ísle a thaifeadadh.

**4 pointe × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

## Ceist 6 Baincéireacht, Aidhmeanna Eacnamaíochta, Airgeadaíochas

**6. (a)** Tá sé molta gur cheart an chuid is tábhachtaí de na bainc (mhiondíola) thráchtála in Éirinn a náisiúnú.
(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint eacnamaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar son na bainc a náisiúnú agus **dhá** argóint eacnamaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ina aghaidh. (30 marc)

(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Bainc thráchtála – **5 marc.**

**Institiúidí a sholáthraíonn seirbhísí taisce / iasachtaithe do thomhaltóirí pearsanta / gnó.**

Náisiúnú – **5 marc**

**Tionscal nó sócmhainní á thógáil in úinéireacht phoiblí ag rialtas.**

(ii) **Dhá** argóint eacnamaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar son na bainc a náisiúnú agus **dhá** argóint eacnamaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh ina aghaidh

| Argóintí eacnamaíochta AR SON | Argóintí eacnamaíochta IN AGHAIDH |
|---|---|
| **Cobhsaíocht don gheilleagar / muinín don infheisteoir** D'fhéadfadh sé a léiriú d'infheisteoirí baile agus idirnáisiúnta go bhfuil an stát ag iarraidh acmhainn thábhachtach a chosaint agus mar sin infheistíocht a mhealladh. | **Cur isteach nach gá ón stát** D'fhéadfadh an earnáil phríobháideach a cheapadh go gcuirfidh an stát isteach níos mó ar ghnóthaí eacnamaíochta agus d'fhéadfadh sin infheisteoirí baile / idirnáisiúnta a dhíspreagadh. |
| **Creidmheas a bheith ar fáil** D'fhéadfadh sé a chinntiú go mbeadh sreabhadh creidmheasa go dtí na daoine agus na gnólachtaí sin a mbeadh gá acu leis, ní mar atá amhlaidh faoi láthair mar go bhfuil feidhm le srianta creidmheasa. | **Pionós a ghearradh ar gheallsealbhóirí** D'fhéadfadh nach mbeadh de rogha acu ach a gcuid scaireanna a dhíol ar phraghas a mheasfaí a bheith éagórach. |
| **Cuíchóiriú ar sheirbhísí baincéireachta** D'fhéadfadh go leanfadh as cuíchóiriú ar sheirbhísí baincéireachta sa stát; deireadh a chur le cleachtais diomailteacha / éifeachtúlachtaí costais. | **Méadú ar Chánachas** D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach cánacha a mhéadú chun ceannach agus reáchtáil na mbanc náisiúnaithe a mhaoiniú. |
| **Cosaint fostaíochta / tomhaltóirí** D'fhéadfaí jabanna atá i mbaol a chosaint trí idirghabháil stáit. D'fhéadfadh bainc stáit cosaint níos fearr a thairiscint do thomhaltóirí. | **Deischostais** D'fhéadfadh an stát an t-airgead a d'úsáidfí don náisiúnú a úsáid ar bhealaí eile e.g. seirbhísí sláinte níos fearr a sholáthar etc. |
| **Cleachtais bhaincéireachta eiticiúla a fhorbairt** Dá mbeadh náisiúnú ann, d'fhéadfadh nach mbeadh cleachtais bhaincéireachta claonta an oiread sin i dtreo bhrabús a chruthú, ach níos mó i dtreo na seirbhísí sin a theastaíonn ó chustaiméirí a sholáthar. | **Laghdú ar spreagthacht bhrabúis** Dá dtarlódh seo d'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar an mbrú chun seirbhísí a fheabhsú, éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus brabúis a uasmhéadú. |
| **Leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí baincéireachta ar fáil don phobal / cosc a chur ar úinéireacht eachtrach** D'fhéadfadh an banc náisiúnaithe leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí miondíola ar fáil do na pobail sin nach bhfuair iad ach amháin má rinne an brainse brabús/cuspóir sóisialta | **Costas Airgeadais** Méid mór airgid riachtanach chun a dtodhchaí a chinntiú agus d'fhéadfadh siad leanúint ar aghaidh ag déanamh caillteanais go ceann i bhfad. |
| **2 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.** | **2 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.** |

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh na **trí** chuspóir eacnamaíochta is tábhachtaí atá ag Rialtas na hÉireann, dar leat.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla de choimhlintí a d'fhéadfadh a bheith idir aidhmeanna/cuspóirí eacnamaíochta an rialtais. (25 marc)

**1. Lánfhostaíocht a bhaint amach**.
Dul ar thóir polasaithe a chuirfidh feabhas ar ár n-iomaíochas, a chuirfidh borradh faoi onnmhairithe agus mar sin a chabhróidh le jabanna in Éirinn a chruthú.

**2. Fás geilleagrach measartha a bhaint amach**.
Ní mór don rialtas iarracht a dhéanamh an cor chun donais reatha a bhainistiú agus a chinntiú go bhfillfimid ar staid ina mbeidh fás geilleagrach éigin. D'fhéadfadh an polasaí fioscach cuí cabhrú leis sin a bhaint amach.

**3. Airgeadas rialtais a rialú / iasachtaíocht a laghdú / an fiachas náisiúnta a bhainistiú**.
Ní mór don rialtas leanúint le laghdú a chur ar chaiteachas. Ní mór dó an bonn cánach a leathnú chomh maith d'fhonn ioncaim chánachais a mhéadú. Cabhróidh na bearta sin le hiasachtaíocht a laghdú agus leis an bhfiachas náisiúnta a laghdú.

4. **Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta.**
Tá sé mar aidhm ag ráthaíocht an stáit ar choigiltis taisceoirí, náisiúnú Anglo Irish Bank agus bunú NAMA muinín na hearnála baincéireachta a athbhunú, an fháil ar chreidmheas a athbhunú, muinín infheisteoirí baile agus idirnáisiúnta a chruthú agus dá bhrí sin infheistíocht a spreagadh.

**5. An bonn cánach a leathnú.**
Creideann a lán daoine bhraitheamar an iomarca ar an mborradh maoine le haghaidh ioncaim chánachais. Ní mór don rialtas pleanáil a dhéanamh anois chun cánacha nua a thabhairt isteach, deireadh a chur le himghabháil chánach, níos mó oibrithe a thabhairt isteach sa ghréasán cánach agus dá bharr sin sreabhadh ioncaim chánacha níos mó a chruthú.

**6. Forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn**.
Tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha Náisiúnta é sin a dhéanamh. Ní mór don rialtas forbairt a dhéanamh ar leathanbhanda, leanúnachas aerfort réigiúnach a chinntiú deiseanna oideachasúla sna réigiúin a fhorbairt/a chur chun cinn d'fhonn gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh agus cur le fás geilleagrach.

**7. Infreastruchtúr a fheabhsú.**
Tá forbairt leantach ar an infreastruchtúr bóithre, soláthar iompar poiblí feabhsaithe, forbairt leantach ar na haerfoirt agus na calafoirt, etc., riachtanach lena chinntiú go gcothófaí ár gcaighdeán maireachtála.

**8. Seirbhísí stáit a chothabháil.**
Cé go bhfuil ioncaim cánachais ag laghdú, ní mór don rialtas a chinntiú go ndéanfar ár seirbhísí sláinte a chothabháil agus a dhéanamh níos éifeachtúla, go ndéanfar scoileanna a thógáil agus go gcuirtear foireann ag obair iontu, agus go bhforbrófar cleachtais chun inmharthanacht fhadtéarmach na seirbhísí riachtanacha sin a chinntiú e.g. táillí féideartha; riachtanais iontrála nua ar sholáthar seirbhísí 'saor in aisce'.

**9. Dáileadh saibhris**.
Ní mór don rialtas leanúint ar aghaidh ag cinntiú go ndéanfar caighdeán maireachtála an fhaighteora leasa shóisialaigh a chothabháil, go ndéanfaidh sé soláthar leordhóthanach do phinsin amach anseo agus go gcabhróidh sé le hioncam a athdháileadh sa stát, agus aird á tabhairt ar na teorainneacha reatha ar chaiteachas reatha an rialtais.

**3 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla de choimhlintí a d'fhéadfadh a bheith idir aidhmeanna/cuspóirí eacnamaíochta an rialtais.

1. Rialú ar airgeadas náisiúnta v. Lánfhostaíocht.
2. Rialú ar airgeadas náisiúnta v. Fás geilleagrach.
3. Dáileadh saibhris v. An bonn cánach a leathnú.
3. Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta v. Rialú ar airgeadas rialtais.
4. Forbairt réigiúnach chothromaithe v Seirbhísí stáit a chothabháil.
5. Lánfhostaíocht v. Cobhsaíocht praghsanna.

**2 coimhlint × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

**(c)** Measadh go raibh Milton Friedman ar dhuine de na smaointeoirí móra sa scoil airgeadaíoch den smaointeoireacht eacnamaíochta.
Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** ghné den 'Airgeadaíochas'. (20 marc)

**Polasaí airgeadaíochta**
Ba chóir go mbeadh sé sin ar an bpríomhuirlis a d'úsáidfeadh an rialtas chun an geilleagar a bhainistiú, agus ní polasaí fioscach. Leanfadh praghsanna níos airde as méadú ar chaiteachas an rialtais, agus ní méadú ar aschur agus ar fhostaíocht, mar a mhol Keynes.

**Rialú ar an soláthar airgid**
Molann lucht an airgeadaíochais go ndéanfaí dianrialú ar an soláthar airgid d'fhonn smacht a choimeád ar bhoilsciú.
Trí theorainn a chur ar an gcreidmheas atá ar fáil agus trí rátaí úis a choimeád ard, dhéanfaí rialú ar iasachtaíocht tomhaltóirí.

**Laghdú ar bhoilsciú**
Méadaíonn sin iomaíochas, as a leanann onnmhairithe níos saoire go coibhneasta, onnmhairithe méadaithe agus cruthú jabanna san fhadtéarma, b'fhéidir. Ba chóir do chuideachtaí arduithe pá a choimeád chomh híseal agus is féidir d'fhonn boilsciú costbhrú a sheachaint.

**Prionsabail Laissez- faire**
Bíonn lucht an airgeadaíochais ar son filleadh ar phrionsabail laissez-faire – an idirghabháil is lú is féidir ón stát; dírialáil margaí; príobháidiú eagraíochtaí stáit.

**Polasaithe taobh an tsoláthair**
Bhí lucht an airgeadaíochais ar son aon polasaí a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh / a chuireann borradh faoin soláthar/ a laghdaíonn cumas na gceardchumann cur isteach ar an margadh saothair.

**4 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2**
**marc. Mínigh: 3 marc.**

## Ceist 7 Trádáil Idirnáisiúnta, Forbairt Eacnamaíoch

**7. (a)** *Creideann a lán daoine gurb é an fás bunaithe ar onnmhairí an tslí chun geilleagar na hÉireann a chur ar bhealach a leasa.*

(i) Mínigh cén fáth a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta riachtanach do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Déan plé ar **thrí** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cumas iomaíochta gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn a fheabhsú ar mhargaí idirnáisiúnta *(30 marc)*

(i) Mínigh cén fáth a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta riachtanach do gheilleagar na hÉireann.

1. **Caighdeán maireachtála níos fearr / níos mó saibhris.**
   Cuireann an trádáil méadú ar shaibhreas / OTN agus tugann sin deis cainníocht níos airde earraí agus seirbhísí a cheannach.

2. **Rogha níos leithne ar thráchtearraí / ar thráchtearraí nach bhfuilimid in ann a tháirgeadh.**
   Tugann an trádáil deis dúinn leas a bhaint as raon níos mó earraí agus seirbhísí ná mar a bheadh ar fáil gan an trádáil. Tá easpa roinnt amhábhar i gcás táirgeachta againn agus ní mór dúinn iad sin a allmhairiú.

3. **Praghsanna níos iomaíche ar earraí agus ar sheirbhísí.**
   Bíonn mar thoradh ar an trádáil go mbíonn níos mó iomaíochta sa margadh, agus ba chóir go leanfadh praghsanna níos iomaíche do thomhaltóirí as sin.

4. **Deiseanna Fostaíochta / Infheistíochta.**
   Ciallaíonn táirgeadh éifeachtúlach go mbíonn fostaíocht sna tionscail sin níos sláine. Cruthófar fostaíocht sna tionscail sin atá ag leathnú de bharr buntáistí na trádála. Cruthaíonn geilleagar trádála folláin muinín sa gheilleagar agus mar sin spreagtar infheistíocht.

5. **Baineann cuideachtaí leas as barainneachtaí táirgeachta ar scála mór**
   Agus an trádáil ann beidh speisialtóireacht ann. Méadóidh cuideachtaí táirgeadh agus d'fhéadfadh siad leas a bhaint as barainneachtaí scála. D'fhéadfaí na coigiltis sin a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí mar phraghsanna ísle agus/nó nuáil níos fearr.

6. **Tugann deis aschur baile barrachais/iomarcach a dhíol.**
   Má bhíonn cuideachta iomaíoch bíonn deis aici an t-aschur sin nach ndíolann sí / nach féidir léi a dhíol sa bhaile, a dhíol ar an margadh idirnáisiúnta. Is margadh beag é margadh baile na hÉireann.

7. **Úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní ganna an domhain.**
   Trí speisialtóireacht i dtáirgeadh a dhéanamh, baineann tíortha an leas is mó is féidir as a n-aschur comhcheangailte agus mar sin déantar acmhainní a leithdháileadh ar shlí níos éifeachtúla, as a leanann níos lú diomailte.

8. **Easpa éilimh sa bhaile.**
   De bharr an chúlú eacnamaíochta reatha, tá an t-éileamh sa bhaile laghdaithe, agus mar thoradh air sin tá gnólachtaí Éireannacha ag onnmhairiú a gcuid earraí/seirbhísí.

**3 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc an ceann. Mínigh: 3 marc an ceann.**

(ii) Déan plé ar **thrí** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cumas iomaíochta gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn a fheabhsú ar mhargaí idirnáisiúnta

1. **An pá íosta náisiúnta a laghdú / srianadh ar phá.**
   Bheadh fostóirí in ann saothar níos saoire a fháil agus mar sin costais a laghdú.
   Trí idirchaidrimh a dhéanamh d'fhéadfadh an rialtas a theacht ar chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta chun teorainn a chur ar arduithe pá

2. **Táillí a laghdú.**
   Chabhródh laghdú ar chostais ar leictreachas, ar ghás, ar phostas, ar mhuirir dhramhaíola, ar mhuirir sheirbhísí gairmiúla etc., nó aon seirbhísí stáit arna gcur ar fáil do ghnólachtaí, lena gcostais táirgeachta a laghdú.

3. **Cánachas a laghdú.**
   Chuirfeadh laghdú ar chánacha indíreacha mar CBL nó dleacht mháil ar bhreosla nó ar amhábhair laghdú ar chostais do ghnólachtaí go huathoibríoch.
   Laghdú ar an ráta CPT.

4. **Maorlathas a laghdú.**
   Deireadh a chur le srianta agus páipéarachas; dá mbainfí na riachtanais a chuireann an stát ar ghnólachtaí laghdófaí costais an obair riaracháin.

5. **Fóirdheontais / deontais do ghnólachtaí.**
   Trí ráta ÁSPC na bhfostóirí a laghdú éiríonn sé níos saoire saothar a fhostú.
   Trí fhóirdheontas a thabhairt do chostais oiliúna / d'árachas creidmheasa onnmhairithe d'fhéadfadh laghdú a theacht ar chostais gnólachta agus d'fhéadfadh sí éirí níos iomaíoch.
   Deontais chun nuáil agus taighde & forbairt i ngnólachtaí a chothú.

6. **Forbairt a dhéanamh ar an infreastruchtúr.**
   Cuireann an easpa leathanbhanda agus droch-infreastruchtúr i roinnt limistéir méadú ar chostais do ghnólachtaí. Tríd an t-infreastruchtúr a fheabhsú bíonn sé níos tapúla agus ar an tslí sin níos saoire earraí agus seirbhísí a bhogadh ar timpeall ar thíortha agus eatarthu.

7. **An fháil ar chreidmheas a éascú**
   Teastaíonn gníomh leantach ón rialtas lena chinntiú go gcuirfidh na bainc creidmheas ar fáil. Féadfaidh gnólachtaí coinneáil ar aghaidh ag imeacht agus ar an tslí sin coimeádtar an fhostaíocht. Má tá airgead tirim ar fáil féadfaidh siad costais laethúla a íoc agus ar an tslí sin leas a bhaint as lascainí, rud a laghdaíonn costais.

8. **Forbairt scileanna a mhaoiniú.**
   Féadfaidh an rialtas cláir a chabhraíonn leis na scileanna a theastaíonn ó ghnólachtaí a mhaoiniú. Cinntíonn sin go mbíonn fáil ar fhórsa saothair oilte, rud a fhágann go mbíonn na hoibrithe éifeachtúlach agus a chabhraíonn le costais ghnólachtaí a laghdú. Maoiniú oideachais saindírithe chun riachtanais scileanna na n-earnálacha fáis amach anseo a chomhlíonadh.

**3 × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

**(b)** (i) Tabhair cuntas ar na príomhdhifríochtaí idir tír fhorbartha agus tír atá i mbéal a forbartha (Tír Thearcfhorbartha).

(ii) Déan plé ar **thrí** bheart is féidir le rialtais na dtíortha forbartha a dhéanamh chun forbairt eacnamaíochta a chur ar aghaidh i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha (Tíortha Tearcfhorbartha). (30)

(i) Tabhair cuntas ar na príomhdhifríochtaí idir tír fhorbartha agus tír atá i mbéal a forbartha.

**Rátaí arda ar fhás an daonra i dtíortha tearcfhorbartha.**
Tá na rátaí is airde ar fhás an daonra i dtíortha atá i mbéal forbartha, rud a fhágann go mbíonn fadhbanna eacnamaíochta ann a bhíonn deacair do rialtais réiteach a fháil orthu.

**Gorta i dtíortha tearcfhorbartha.**
Tarlaíonn gorta rómhinic i dtíortha tearcfhorbartha, as a leanann galar agus bás ag aois óg.

**Fiachais eachtracha arda.**
Bíonn siad seo níos airde i dtíortha tearcfhorbartha i gcoibhneas leis an ioncam náisiúnta agus úsáideann an aisíocaíocht airgead an rialtais, airgead a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha níos táirgiúla.

**Dáileadh saibhris níos éagothroime i dtíortha tearcfhorbartha**
I roinnt tíortha tearcfhorbartha, d'fhéadfadh mionlach den daonra cuid mhór de shaibhreas na tíre a rialú, agus is é bochtanas do thromlach mór an daonra an toradh a bhíonn air sin.

**Ró-spleáchas ar bharr amháin i dtíortha tearcfhorbartha.**
Bíonn roinnt tíortha tearcfhorbartha ró-spleách ar bharr amháin. Dá bharr sin, bíonn an tír faoi réir ag cliseadh bairr agus/nó éagsúlacht mhór i bpraghsanna onnmhairithe.

**Céatadán ard den daonra gafa le tionscail eastóscacha/príomhúla i dtíortha tearcfhorbartha.**
Is é an toradh a bhíonn air sin nach mbíonn go leor oibrithe sna hearnálacha tánaisteacha agus treasacha, as a leanann caighdeán maireachtála íseal, tríd is tríd. Bonn tionsclaíoch tearcfhorbartha.

**Téarmaí Trádála Neamhfhabhracha do thíortha tearcfhorbartha.**
D'fhéadfadh tíortha tearcfhorbartha fulaingt de bharr praghsanna onnmhairithe ísle agus praghsanna allmhairithe arda, agus mar sin laghdaítear na gnóthachain ón trádáil do na tíortha sin i gcomparáid le náisiúin fhorbartha.

**Droch-infreastruchtúr i dtíortha tearcfhorbartha.**
D'fhéadfadh cion mór den daonra a bheith ag cónaí i ndroch-choinníollacha gan uisce nó le huisce salach agus drochshláinteachas.

**Easpa caipitil / Leibhéil ísle infheistíochta i dtíortha tearcfhorbartha.**
Ní bhíonn an caipiteal atá riachtanach d'fhorbairt eacnamaíoch & do chruthú fostaíochta ag tíortha tearcfhorbartha. Rochtain theoranta ar dhul chun cinn teicneolaíochta.

**Ioncaim per capita ísle i dtíortha tearcfhorbartha.**
Is é an toradh a bhíonn air sin droch-chaighdeán maireachtála agus mar sin éileamh íseal ar earraí agus seirbhísí i gcoibhneas le tíortha forbartha.

**Drochleibhéil oideachais/litearthachta i dtíortha tearcfhorbartha.**
Bíonn deiseanna oideachasúla thar a bheith teoranta. Feidhmíonn sin mar bhac ar fhorbairt gheilleagrach agus cuireann sé leis an dífhostaíocht ard leanúnach.

**Éilliú polaitiúil / institiúidí polaitiúla nach bhfuil chomh cobhsaí sin.**
Caitheann roinnt tíortha tearcfhorbartha go leor airgid ar riarachán maorlathais / ar chúrsaí míleata, as a leanann corraíl shibhialta. I roinnt acu bíonn na hinstitiúidí polaitiúla neamhchobhsaí agus cuireann sin isteach ar infheistíocht.

**Cuideachtaí ilnáisiúnta ag baint dúshaothrú as tíortha tearcfhorbartha.**
D'fhéadfadh sin a bheith i bhfoirm rátaí pá ísle, easpa cúraim don chomhshaol, smacht ar phríomh-onnmhairithe.

**3 × 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Déan plé ar **thrí** bheart is féidir le rialtais na dtíortha forbartha a dhéanamh chun forbairt eacnamaíochta a chur ar aghaidh i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha (Tíortha Tearcfhorbartha).

1. **Cabhrú le cláir cúnamh seachtrach / soláthar caipitil.**
   Féadfaidh rialtais leanúint orthu ag tabhairt cúnaimh chun cabhrú i staideanna éigeandála. Féadfaidh siad níos mó **cúnamh fadtéarmach** a sholáthar chomh maith chun cabhrú le forbairt infreastruchtúir / soláthar oideachais, chláir sláinte etc.

2. **A bhfiachais náisiúnta a athstruchtúrú.**
   Dá ndéanfaí na fiachais náisiúnta faoi seach a chealú bheadh an t-airgead sin ar fáil don tír lena úsáid chun críocha forbartha eacnamaíochta.

3. **Deiseanna trádála a fheabhsú.**
   An rochtain ar mhargaí sa domhan forbartha a fheabhsú – asraon dá gcuid onnmhairithe. Na téarmaí trádála atá ar fáil a fheabhsú – praghsanna níos airde dá gcuid onnmhairithe.

4. **Cuideachtaí ilnáisiúnta a spreagadh chun gnólachtaí a bhunú**
   D'fhéadfadh siad sin oilteacht a chur ar na hoibrithe. D'fhéadfadh an pá cothrom a gheofaí borradh a chur faoin éileamh sa bhaile agus ioncam ó cháin a sholáthar don stát.

5. **Cúnamh le scileanna / teicneolaíochtaí a thabhairt do thíortha tearcfhorbartha.**
   Chabhródh soláthar scileanna / teicneolaíochtaí do na tíortha tearcfhorbartha le caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus le cumas táirgthe a mhéadú.

6. **Cúnamh a thabhairt le bearta síochána agus cobhsaíocht pholaitiúil a chur chun cinn.**
   Éilíonn forbairt gheilleagrach timpeallacht shuaimhneach. D'fhéadfadh tíortha eachtracha trúpaí coimeádta síochána a chur ar fáil agus an ghluaiseacht i dtreo cobhsaíocht eacnamaíocht a chur chun cinn.

**3 × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

**(c)** Scríobh gearrchuntas ar ról an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) **nó** an Bhainc Dhomhanda sa gheilleagar domhanda. (15 marc)

**An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta**

**Trádáil Domhanda a Leathnú**
Déanann an IMF leathnú trádáil a spreagadh trí bhalltíortha a spreagadh chun polasaithe eacnamaíochta iontaofa a ghlacadh.
Déanann sé monatóireacht ar fhorbairtí eacnamaíochta agus airgeadais i mballtíortha agus cuireann sé comhairle ar a chuid ball.

**Cuireann sé cobhsaíocht sa ráta malairte a chur chun cinn.**
Cuireann an IMF comhoibriú airgeadaíochta idirnáisiúnta chun cinn. Cuireann sé fóram ar fáil le comhchomhairle ar fhadhbanna airgeadaíochta idirnáisiúnta a dhéanamh. Déanann sé iarracht socruithe malairte ordúla idir thíortha a chothabháil agus tá sé mar aidhm aige díluachála iomaíocha a sheachaint.

**Fadhbanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a cheartú go hordúil.**
Tugann an IMF iasachtaí do bhalltíortha le fadhbanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí chun airgeadú sealadach a chur ar fáil agus chun tacú le polasaithe athleasaithe atá dírithe ar na fadhbanna bunúsacha a cheartú.

**Córas íocaíochtaí iltaobhach a fheidhmiú.**
Feidhmíonn an IMF an córas seo i ndáil le hidirbhearta reatha idir bhaill agus tá sé mar aidhm aige deireadh a chur le srianta malairte eachtraí a d'fhéadfadh cur isteach ar fhás na trádála domhanda.

**Cúnamh teicniúil agus oiliúint theicniúil a chur ar fáil.**
Sa chás go dteastaíonn cabhair ó bhall cuirfidh an IMF an cúnamh agus an oiliúint seo ar fáil. Nuair a thit an tAontas Sóivéadach tháinig an IMF isteach agus bhunaigh sé córais chistíochta dá bhainc cheannais chun cabhrú leis an athrú ó chórais eacnamaíochta lárphleanáilte go dtí córais eacnamaíochta margadhbhunaithe.

**An Banc Domhanda**

**Cistí infheistíochta le haghaidh tíortha tearcfhorbartha a spreagadh**
Faigheann cistí ó thíortha sárfhorbartha agus úsáideann sé na hacmhainní seo chun iasachtaí a thabhairt do tíortha tearcfhorbartha le go mbeidh siad in ann infheistíocht a dhéanamh i mbóithre, scoileanna, etc.

**Tionscadail chaipitil i mballtíortha a airgeadú.**
Tugann an Banc Domhanda iasachtaí do bhallstáit agus do ghnólachtaí príobháideacha sna tíortha sin chun cúnamh a thabhairt le tionscadail chaipitil.
Áiríodh ar shamplaí díobh sin in Éirinn san am atá caite na pobalscoileanna bunaidh a thóg an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

**Faoiseamh ó fhiachas do** thíortha tearcfhorbartha
Cabhraíonn an Banc Domhanda le tíortha tearcfhorbartha a n-ualach fiachais a laghdú trí théarma iasachtaí a shíneadh agus/nó trí rátaí úis a athshocrú.

**3 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

## Ceist 8 Feidhmíocht Eacnamaíoch, Daonra, Coigilteas

**8. (a)** Tabhair breac-chuntas, agus tú ag baint úsáide as figiúirí cuí, ar an gcaoi ar éirigh le geilleagar na hÉireann i rith an dá mhí dhéag a ghabh thart, i n**gach** ceann de na réimsí seo a leanas:

Leibhéal praghsanna/Fás geilleagrach/Staid bhuiséadach reatha an Rialtais/Fostaíocht/dífhostaíocht (25)

### Leibhéil Praghsanna

- Leanann leibhéil praghsanna ag titim in Éirinn ach tá lagú tagtha an ráta díbhoilscithe go dtí an ráta is moille le breis agus bliain anuas.
- Thit praghsanna i bpáirt mar gheall ar an éileamh seachtrach agus baile ag éirí níos laige.
- Chonacthas an titim is mó in éadaí agus bróga, bia agus deochanna neamh-mheisciúla, agus costas fearas tí. Mar sin féin, tá costas oideachais ag ardú i gcónaí, tá praghsanna iompair níos costasaí, agus mhéadaigh praghsanna tithíochta, uisce, leictreachais, gáis agus breoslaí eile 3.7%.
- Bhí praghsanna meánmhéid de 1.1 % níos ísle sa bhliain go dtí Bealtaine 2010.
- Shroich díbhoilsciú buaicphointe 6.6 % i mí Dheiridh Fómhair 2009 agus tá sé ag moilliú síos go cobhsaí ó shin i leith.

### Fás Geilleagrach

- Tháinig laghdú faoi 7.2% ar an Olltáirge Náisiúnta in 2009 agus tá sé tuartha go dtiocfaidh titim 1.1% in 2010 dar leis an ESRI.
- Thit OTN faoi 12%.
- Filleadh an geilleagar ar fhás "an-mheasartha" sa dara leath de 2010.

- Tá laghdú tagtha ar an bhfás geilleagrach de bharr an chúlaithe eacnamaíochta domhanda atá fós ar bun.

### Staid reatha bhuiséad an Rialtais

- De bharr airgeadas rialtais atá ag laghdú thug an rialtas ciorruithe ollmhóra i gcaiteachas reatha rialtais isteach i mí na Nollag 2009. Fógraíodh ciorruithe de €4 bn chomh maith le ciorruithe in íocaíocht don earnáil phoiblí agus sa leas sóisialach.
- Leanann ioncam ó chánachas ar aghaidh ag titim de bharr fás geilleagrach atá ag laghdú agus de bharr easpa caiteachais tomhaltóra.
- In 2009 b'ionann an t-easnamh ar an mbuiséad reatha agus €11.4bn agus tá sé tuartha a bheith ag €13.6bn in 2010. B'ionann Riachtanas Iasachta an Státchiste (EBR) agus €24.7bn in 2009 tá sé tuartha a bheith ag €18.6bn in 2010.
- Tá an EBR os cionn an 3% a chomhaontaigh baill Limistéar an Euro agus tugadh 4 bliain d'Éirinn cuí a chur ar a cuid airgeadais.

### Fostaíocht / dífhostaíocht

- Tháinig ardú 6,600 ar an líon daoine a bhí ag síniú ar an mBeochlár i mí Bealtaine, de réir an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus tháinig ardú ar an ráta dífhostaíochta go dtí 13.7 %.
- I mí Bealtaine 2010 b'ionann an líon daoine ar an mBeochlár agus 439,100.
- Tá ráta dífhostaíochta na hÉireann 3.1% níos airde ná meánráta an AE anois. Ar fud an AE, is é 9.1% an gnáthráta dífhostaíochta.
- Is 1.9 milliún an líon daoine fostaithe (2009).
- Táthar ag súil go leanfaidh an dífhostaíocht ag méadú de bharr an chúlaithe eacnamaíochta leanúnach agus mar gheall ar dhroch-ionchais don fhás geilleagrach.

**7 marc + 6 marc + 6 marc + 6 marc=25 marks.**

**(b)** *Faoi 2036 beidh duine amháin as gach cúigear Éireannach os cionn 65 bliain d'aois, agus is ar an dream a bheidh os cionn 80 bliain d'aois a bheidh an méadú is mó.*

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag daonra atá ag dul in aois ar gheilleagar na hÉireann.
*Ba é líon na n-eisimirceach a d'fhág Éirinn ó thosach na bliana go dtí mí Aibreáin 2009 ná 65,100 duine, méadú de 45,300 duine ar an mbliain roimhe sin.*

(ii) Luaigh agus mínigh **trí iarmhairt** eacnamaíochta a leanfadh an méadú ar an eisimirce a tharla le déanaí. (25 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag daonra atá ag dul in aois ar gheilleagar na hÉireann.

1. **Brú ar sholáthar phinsin stáit**: Ní mór don rialtas daoine aonair a spreagadh, trí dhreasachtaí cánacha, chun leas a bhaint as pinsin phríobháideacha d'fhonn an brú ar an rialtas pinsin stáit a sholáthar a laghdú.
2. **Méadú féideartha ar an ualach cánach**: le líon níos mó daoine os cionn 65 d'fhéadfadh méadú teacht ar an gcóimheas spleáchais, as a leanfadh gá le cánacha níos airde ar an bhfórsa saothair chun seirbhísí do dhaoine níos sine a mhaoiniú.
3. **Méadú ar chaiteachas rialtais**: d'fhéadfadh an rialtas cion níos mó dá ioncam a chaitheamh ar sholáthar seirbhísí do dhaoine scothaosta, mar shampla cúram liachta, iompar saor in aisce, tithe altranais.
4. **Patrún éilimh ag athrú:** tiocfaidh méadú ar an éileamh ar na hearraí agus na seirbhísí a theastóidh ó dhaoine níos sine e.g. tithe altranais; cógais etc.
5. **Titeann an ráta rannpháirtíochta**: de réir mar a shroichfidh níos mó daoine aois scoir, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an soláthar saothair. D'fhéadfadh roinnt daoine a bheith ag iarraidh oibriú go páirtaimseartha. D'fhéadfadh roinnt acu dul ar scor.
6. **Laghdú ar shoghluaiseacht saothair**: de réir mar a théann daoine in aois ní dócha go ngluaisfidh said go dtí áit eile ag lorg oibre.

**2 × 5 marc.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Luaigh agus mínigh **trí iarmhairt** eacnamaíochta a leanfadh an méadú ar an eisimirce a tharla le déanaí.

1. **Cóimheas spleáchais níos airde.**
   Is dócha go bhfuil cóimheas spleáchais níos airde ag teacht chun cinn de bharr an daonra gníomhaigh agus tá gá ag an rialtas an daonra seo atá ag éirí níos spleáiche a mhaoiniú.

2. **Deischostais.**
   Cailleann an stát amach ar an infheistíocht a rinne sé in oideachas/oiliúint a chur ar na saoránaigh sin. D'fhéadfadh sé go bhfuilimid ag cur oideachas ar oibrithe do thíortha eachtracha.

3. **Caillteanas scileanna laistigh den gheilleagar / Imirce Daoine Oilte.**
   Táimid ag cailleadh na n-oibrithe/na gcéimithe sin a bhfuil scileanna faighte acu agus arb iad na scileanna a bhfuil gá leo chun cabhrú leis an ngeilleagar dul i dtreo fás geilleagrach. D'fhéadfadh 'Imirce Daoine Oilte' scileanna a bhfuil géarghá leo a bhaint den tír.

4. **Margadh baile níos lú**
   De réir mar a thagann laghdú ar an margadh baile d'fhéadfadh go mbeadh níos lú deiseanna infheistíochta ag gnólachtaí / fiontraithe.

5. **Brú ardaitheach ar leibhéil phá na hÉireann.**
   Bíonn daoine ar ardoiliúint agus ar ardscileanna níos soghluaiste agus dá bharr sin fágann siad. Chun iarracht a dhéanamh na hoibrithe sin a choimeád d'fhéadfadh go mbeidh ar ghnólachtaí na leibhéil phá a ardú.

6. **Éileamh ar sheirbhísí stáit.**
   Le daonra atá ag éirí níos lú d'fhéadfadh laghdú teacht ar an éileamh ar sheirbhísí stáit, e.g. scoileanna, cúram sláinte, iompar etc

7. **Laghdú ar an dífhostaíocht**.
   D'fhéadfadh go mbeadh na daoine sin a théann ar imirce dífhostaithe dá bhfanfadh siad in Éirinn. Laghdaíonn sin an brú ar airgeadas an rialtais íocaíochtaí leasa shóisialaigh atá ag méadú a mhaoiniú.

8. **Teagmhálacha.**
   D'fhéadfadh na daoine a théann ar imirce a bheith sásta feidhmiú mar theagmhálacha d'onnmhairithe Éireannacha a d'fhéadfadh a bheith ar bís chun margaí a aimsiú thar lear.

**3 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc**

**(c)** *Tá méadú géar tar éis teacht ar an ráta coigiltis in Éirinn le bliain anuas.*

(i) Déan plé ar **dhá** thoisc a bhfuil tionchar acu ar an ráta coigiltis i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú atá tagtha ar an ráta coigiltis ar gheilleagar na hÉireann.

(25 marc)

(i) Déan plé ar **dhá** thoisc a bhfuil tionchar acu ar an ráta coigiltis i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair.

**Ionchais don gheilleagar amach anseo**
Tá imní ar dhaoine faoi thodhchaí an gheilleagair, rud a bhfuil éifeacht aige ar mhuinín an tomhaltóra. Mar thoradh air sin tá claonadh sna daoine ceannach a chur ar athlá agus airgead a shábháil in áit sin.

**Slándáil coigiltis**
De bharr na gcúinsí eacnamaíochta reatha tá níos lú claonta sna daoine i dtreo infheistíochtaí a bhfuil riosca ag baint leo agus is fearr leo an tslándáil a thagann le coigiltis lena bhfuil tacaíocht an stáit.

**Leibhéil praghsanna / fíor-ráta úis**
Is é an toradh atá ar an díbhoilsciú reatha méadú ar an bhfíor-ráta toraidh ar choigiltis. Ciallaíonn díbhoilsciú go gcaithfidh daoine níos lú airgid a chaitheamh chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus mar sin cuirtear lena gcumas coigilteas a dhéanamh. I dtréimhse ina dtiteann praghsanna d'fhéadfadh tomhaltóirí gan airgead a chaitheamh agus iad ag súil go dtitfidh an praghas tuilleadh agus go ndéanfaidh siad coigilteas dá bharr sin.

**Caighdeán táirgí airgeadais**
Má thugann na táirgí atá ar fáil toradh réasúnta is é is dóchúla go mbainfidh daoine úsáid astu mar shlí le coigilteas a dhéanamh. De bharr na géarchéime baincéireachta tá níos mó slándála á lorg ag tomhaltóirí dá gcoigiltis e.g. 'National Solidarity Bond' de chuid An Post.

**Caiteachas iarchurtha**
Cé go bhfuil leibhéil ioncaim ag titim (tá an dífhostaíocht ag méadú agus tá ioncaim indiúscartha laghdaithe ag na daoine sin atá fostaithe de bharr rátaí cánach níos airde), tá díbhoilsciú ar bun; tá níos lú airgid á chaitheamh ag tomhaltóirí agus tá an caiteachas á chur ar athlá acu. Is é an toradh a bhíonn air sin coigiltis d'éigean.

**Leibhéil na sochar stáit amach anseo**
Caithfidh an stát aghaidh a thabhairt ar bhille pinsin do státseirbhísigh, bille atá ag méadú. Tá eagla ar dhaoine faoina bhfuil i ndán dá bpinsean amach anseo agus d'fhéadfadh sin a bheith ag cur leis an méadú ar choigilteas faoi láthair.

**2 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú atá tagtha ar an ráta coigiltis ar gheilleagar na hÉireann.

**Caiteachas laghdaithe laistigh den gheilleagar / sceitheadh ón sreabhadh ciorclach ioncaim.**
Bíonn daoine a dhéanann níos mó coigiltis ag caitheamh níos lú, agus dá bharr sin d'fhéadfadh an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí titim.

**Méadú ar an dífhostaíocht.**
Beidh mar thoradh ar éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí atá ag titim laghdú ar an éileamh ar shaothar, as a leanfaidh méadú ar an dífhostaíocht.

**Níos mó airgid ar fáil chun críocha infheistíochta.**
Ciallóidh coigiltis mhéadaithe go mbeidh níos mó airgid ar fáil in institiúidí airgeadais lena thógáil ar iasacht ag daoine aonair agus ag gnólachtaí. D'fhéadfadh sin cabhrú le fás geilleagrach.

**Laghdú ar an díbhoilsciú.**
Agus níos lú caiteachais ar bun agus éileamh a bheith ag titim, laghdófar an brú ar phraghsanna, as a leanfaidh díbhoilsciú níos ísle, agus, b'fhéidir, iomaíochas méadaithe.

**Laghdú ar an éileamh ar allmhairithe.**
D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh ar níos lú caiteachais laghdú ar an éileamh ar allmhairithe agus mar sin chabhrófaí le feabhas a chur ar Chomhardadh na nÍocaíochtaí againn.

**Méadú ar an Ioncam don rialtas.**
Ciallaíonn níos mó coigiltis méadú ar an ioncam don rialtas ó DIRT.
In 2008 thug DIRT €658.8m don státchiste. In 2002 b'fhiú €206m an DIRT.

**An earnáil bhaincéireachta a chobhsú.**
Is é an toradh a bhíonn ar níos mó coigilteas a bheith á dhéanamh níos mó airgid a bheith ar fáil do na bainc. D'fhéadfadh go leanfadh as sin méadú ar an gcobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta ag tráth ina bhfuil gá leis an muinín a athbhunú.

**3 pointe × 5 marc an ceann.**
**Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc**